




Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Western Region
Public Analyst's Laboratory
Saotharlann an Anailísí Phoiblí
Réigiún an Iarthair

Annual Report 2009
Tuarascáil Bhliantúil 2009



DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

BUÍOCHAS

Is cúis áthais dom an tuarascáil seo, ina léirítear obair na saotharlainne don bhliain 2009, a chur i láthair. Tugadh na sceidil oibre a bhí leagtha amach chun críche go sásúil agus leathnaíodh amach scóip chreidiúnaithe na saotharlainne freisin.

Mar a tharla sna blianta roimhe sin, tháinig laghdú ar fhoireann na saotharlainne de bharr scor an Leas-Anailísí Poiblí an Dr. Anne Bruzzi agus nár cuireadh aon duine ina háit mar gheall ar an gcosc earcaíochta.

Molaim foireann na saotharlainne as a n-obair chrua agus a ndúthracht i rith na bliana tráth a raibh tuilleadh brú agus acmhainní srianta i gceist.



Rory Mannion
Anailísí Poiblí

Iúil 2010

This report is also available on the HSE website (www.hse.ie) in both Irish and English.

	CLÁR	LEATHANACH
	Buíochas	ii
	RÉAMHRÁ:	1
1.	Scóip na Saotharlainne	1
1.1	Airgeadas	1
1.2	Athbhreithnithe Saotharlainne	1
1.3	Ualach Oibre	2
1.4		
2.	BIA:	2
2.1	An tSeirbhís a Chuirtear ar Fáil	2
2.2	Scrúdú agus Faireachas Bia.....	2
2.3	Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia – Forbairtí agus Athbhreithnithe	3
2.4	Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach)	3
2.5	Truailitheoirí Bia	6
2.6	Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin/ Lipéadú, srl.	11
2.7	Samplaí de Ghearáin	16
2.8	Tuarascálacha ar Fholáirimh agus ar Ghuaiseanna/Éilliú Bia	16
3.	UISCÍ/EISILTIGH:	17
3.1	Réamhrá	17
3.2	Foinsí Samplaí 2009	17
3.3	Fluairídiú Soláthairtí Poiblí Uisce	17
3.4	Luaidhe	18
3.5	Comhdhúile Orgánach Soghalaithe	18
3.6	Alúmanam	18
3.7	Arsanaic	19
3.8	Uisce Haema-scagdhealaithe	19
3.9	Forbairtí Anailíseacha	19
3.10	Samplaí Príobháideacha	19
4.	MONATÓIREACHT AR AERTHRUAILLIÚ:	19
4.1	Reachtaíocht Eorpach	19
4.2	Reachtaíocht Náisiúnta	20
4.3	Torthaí Saotharlainne	20
5.	SAOTHARLANN CÓGAIÓCHTA/TOCSAINEOLAÍOCHTA:	21
5.1	Saotharlann Cógaisíochta	21
5.2	Saotharlann Tocsaineolaíochta	22
6	COSMAIDÍ:	23
6.1	Réamhrá	23
6.2	Reachtaíocht Cosmaidí agus córais rialúcháin AE	23
6.3	Rialú agus Forfheidhmiú Oifigiúil ar Reachtaíocht na gCosmaidí in Éirinn	23
6.4	Torthaí 2009	24
6.5	Achoimre agus Moltaí	27
7.	TÁSTÁIL ILGHNÉITHEACH:	27
8.	CREIDIÚNÚ SAOTHARLAINNE:	28
8.1	Creidiúnú	28
8.2	Tástáil Inniúlachta.....	28
8.3	Proficiency Testing	28
9.	OILIÚINT FOIRNE:	29
10.	CRUINNITHE/COISTÍ:	30
11.	TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE:	30
Aguisín 1	Clár Samplála/Anailísiú Bia 2009	31
Aguisín 2	Tábla na dTorthaí sna Catagóirí Bia – Sárúithe srl.	33
Aguisín 3	Príomhfhaireachas Oifigiúil Earraí Bia	34
Aguisín 4	Torthaí Bliantúla 1999 go 2009 – Truailitheoirí Bia srl	35
Aguisín 5	Torthaí Fluairíde	36
Aguisín 6	Táblaí don Aerthruailliú & Torthaí PM10 do 2009	39
Aguisín 7	Lucht Foirne.....	41

I. RÉAMHRÁ:

I.1 Scóip na Saotharlainne

Tá an saotharlann seo ar cheann de thrí Shaotharlann Anailísithe Poiblí na hÉireann. Tá an péire eile i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Tá ról lárnach ag na saotharlanna i gcosaint an tsláinte poiblí trí sheirbhís neamhspleách anailiseach agus chomhairleach a chur ar fáil don phobal go ginearálta agus do ghníomhaireachtaí éagsúla rialtais.

Seo iad na réimsí seirbhíse a sholáthraíonn an saotharlann seo:

- Bia
- Uisce
- Cógaisíocht agus Tocsaineolaíocht
- Monatóireacht Aeir
- Cosmaidí

Tagann formhór na samplaí bia óna hoifigigh Sláinte Chomhshaoil mar chuid de chlár faireachais atá aontaithe idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an saotharlann agus na hOifigigh Sláinte Chomhshaoil. Tagann samplaí isteach freisin ón bpobal ginearálta, ó thionscadail áitiúla agus ó ghníomhaireachtaí eile rialtais.

Uisce óil is mó a bhíonn sna huiscís a fhaigheann an saotharlann. Tagann siad isteach ó Oifigigh Sláinte Chomhshaoil ar son Údarás Áitiúla, go díreach óna hÚdarás Áitiúla féin, ón bpobal i gcoitinne agus ó thionscadal áitiúil.

Tagann samplaí cógaisíochta isteach ó Bhord Leigheasra na hÉireann de dheasca conradh idir an saotharlann agus Bord Leigheasra na hÉireann.

Tagann samplaí d'anailís tocsaineolaíoch isteach ó Phaiteolaithe Ospidéal, ó Lianna, ó Thréidlianna agus ón bpobal go ginearálta.

Cuireann an saotharlann seirbhís monatóireachta d'aerthruaillí ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cuireann Oifigigh Sláinte Chomhshaoil samplaí de chosmaidí isteach mar chuid de chlár faireachais aontaithe. Tagann samplaí forfheidmiúcháin agus gearáin isteach freisin.



I.2 Airgeadas

Bíonn buiséad ag an saotharlann chun pá agus costais neamhphá a chlúdach don bhliain. Is buiséad €3.123 milliún a bhí ann i 2009. Ioncam €234,608 a bhí ann don bhliain. D'fheidhmigh an saotharlann laistigh den bhuiséad.

I.3 Athbhreithnithe Saotharlainne (Féach 2.3)

Tháinig tuairiscí dhá athbhreithniú éagsúla ar thrí shaotharlann na n-anailísithe poiblí i bpáirt le seacht saotharlann oifigiúla micribhitheolaíochta bia amach i 2004 agus 2008 faoi seach. Bhí moltaí tábhachtacha sa dá athbhreithniú. Níor cuireadh na moltaí i bhfeidhm go dtí seo agus ní bhreathnaíonn sé go bhfuil tús á chur le haon phróiseas oifigiúil feidhmiúcháin.

Is cúis díomá é seo mar gur cuireadh go leor ama agus oibre isteach sna hathbhreithnithe agus bheadh feidhmiú na moltaí ina thairbhe don tseirbhís.

Rinne na Seirbhísí um Bhainistíocht "Team Work" athbhreithniú mór ar shaotharlanna cliniciúla in Éirinn. Tá moltaí mionsonraithe ina dtuairisc maidir le forbairt agus atheagrú sheirbhísí na saotharlann cliniciúil in Éirinn.

Tá struchtúr rialachais leagtha síos ag an FSS le maoirsiú a dhéanamh ar athstruchtúrú na saotharlann cliniciúil agus iad leis an tuairisc "Team Work" a úsáid le tosaí amach.

Ar seo tá Grúpa um Nuachóiriú na Seirbhísí Saotharlainne agus grúpa Soláthair/Teicniúil Saotharlann Fuar. Aontáiodh ag cruinniú de Ghrúpa um Nuachóiriú na Seirbhísí Saotharlainne i Márta 2009 go dtiocfadh Saotharlanna na

nAnailísithe Poiblí agus na saotharlanna oifigiúla micribhitheolaíochta bia faoi scóip na athbhreithnithe seo.

Bhí réamhchruinniú ann i mBealtaine 2009 idir chathaoirleach an ghrúpa um Nuachóiriú, na hAnailísithe Poiblí agus ionadaithe óna Saotharlanna Oifigiúla Micribhitheolaíochta Bia. Nil sé soiléir cé chomh feiliúnach agus a bheadh múnla nua seachadadh seirbhíse do Saotharlanna na nAnailísithe Poiblí agus do na saotharlanna oifigiúla micribhitheolaíochta bia nó an bhfeilfeadh sé ar chorr ar bith iad.

Tá cruinniú eile socraithe do níos deireanaí i 2010 le breathnú ar chur i láthair óna saotharlanna.

1.4 Ualach Oibre.

Seo líon na samplaí a tástáladh le linn na bliana:

Bianna	3,054
Uiscí	9,735
Cógaisíocht	97
Tocsaineolaíocht	249
Cosmaidí	334
Monatóireacht Aeir	1,095
Ilghnéitheach	17
Iomlán	14,581

2. BIA

2.1 An tSeirbhís a Chuirtear ar Fáil

Déantar monatóireacht oifigiúil ar bhia inár réigiún (FSS an Iarthair) ó thaobh sábháilteacht cheimiceach* agus caighdeán, agus freisin ó thaobh comhlíonadh reachtúil. Déantar roinnt faireachas náisiúnta freisin. Is iad Oifigigh Sláinte Chomhshaoil (OSCanna) an FSS agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ, www.fsai.ie) ár bpríomhchliant, -féach Tábla I freisin – foinsí na samplaí. Déantar tástáil le haghaidh truailitheoirí, breiseáin, ailléirginí, cothaithe, comhdhéanamh agus lipéadú srl. Sa tseirbhís a chuirtear ar fáil áirítear faireachas cláraithe agus tástáil ad hoc (gearáin agus rabhaidh bia, samplaí le 'scrúdú' srl.) de réir mar is gá.

Déantar tástáil freisin ar Ghearáin Phríobháideacha Bia agus ar shamplaí deimhniúcháin Easpórtála Bia do thionscal agus don phobal. Tugtar faoi roinnt tionscnamh i dtaighde fheidhmeach i gcomhar le biaslán (safefood), www.safefood.eu.

Déileálann na hoifigigh údaráithe (OSCanna) agus Údarás um Shábháilteacht Bia na hÉireann mar is cuí le cásanna um neamh-chomhlíonadh a bhíonn braite i samplaí.

**féach Tuarascáil na Saotharlainne Micribhitheolaíochta Bia (Ospidéal na h-Ollscoille, Gaillimh), d'achóimre ar thorthaí na tástála Micribhitheolaíochta bia i gceantar FSS an Iarthair.*



2.2 Scrúdú agus Faireachas Bia

Tá Cosaint an tSoláthair Bia tábhachtach mar gheall ar Shábháilteacht Bia, agus cinnítear Comhlíonadh Reachtúil agus Éascú Trádála. Is iad na bearta coisccheacha (Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla, {AGPRC}, Sláinteachas srl.) sábháilteachta bia a ghlacann an tionscal bia (déantóirí, allmhaireoirí, mórdhíoltóirí, lónadóirí agus miondhíoltóirí) an príomhbhealach atá ann le sábháilteacht bia a chinntiú.

Is é an píosa is mó a mbíonn an FSS ag plé leis ó thaobh na sábháilteachta bia de ná an forfheidhmiú reachtaíochta, lena n-áirítear:

- **Monatóireacht ar na córais sábháilteachta bia** agus ar na hoibríochtaí go léir (AGPRC, Sláinteachas srl.) atá leagtha síos don tionscal bia. Déantar é seo trí scrúdú agus iniúchadh, agus trí fhéachaint an bhfuiltear ag cloí leis na riachtanais reachtúla ginearálta agus ar leith atá ann, go háirithe forálacha sláinteachas bia.

- **Monatóireacht ar shábháilteacht agus caighdeán an bhia trí anailís saotharlainne.** Déantar monatóireacht ar shamplaí féachaint an bhfuiltear ag cloí le caighdeáin reachtúla áirithe sábháilteachta agus le critéir ghinearálta sábháilteachta agus caighdeáin/déantúis.

Tá an dá mheicníocht sábháilteachta bia atá thuas comhlántach agus sineirgiteach.

2.3 Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia – Forbairtí & Athbhreithnithe srl.

Tá Seirbhís Saotharlainne Sábháilteachta Bia á chur ar fáil ag an FSS trína 7 Saotharlann Oifigiúil Micribhitheolaíochta Bia agus 3 Shaotharlann Anailísí Phoiblí. I mí Iúil 2004 foilsíodh tuarascáil dar teideal: “A Strategic Developmental Review of Health Board Food Control Laboratories (biaSlán2004)”, <http://www.safefood.eu/Global/Publications/Research%20reports/StrategicDevelopmentReviewOfHealthBoardFoodControlLaboratories.pdf?epslanguage=en>

Tá 16 moladh sa tuarascáil a áiríonn, inter alia: na saotharlanna a nascadh le chéile agus Seirbhís Saotharlainne um Shábháilteacht Bia aontaithe agus ilsuíomhach a bheith ann. Níl na moltaí curtha i bhfeidhm fós, ach táthar ag déileáil le roinnt gnéithe den tuarascáil in Athbhreithniú Náisiúnta an FSS ar Shaotharlanna na nAnailísithe Phoiblí agus Saotharlanna Micribhitheolaíochta an tSláinte Phoiblí (féach Cuid 1.3 thuas).

Is iad an Grúpa um Nuachóiriú Seirbhísí Saotharlainne (FSS) atá i mbun an tríú hAthbhreithniú faoin saotharlann seo. Bunaíodh an grúpa seo i ndiaidh Thuarascáil “Team Work” 2008

http://hse.ie/eng/Publications/services/Hospitals/Teamwork_report_Implementing_a_new_system_of_service_delivery_for_laboratory_medicine_services.pdf a bhí dírithe ar nuachóiriú na seirbhíse saotharlainne cliniciúil in Éirinn.

Taobh amuigh de sin, i 2009 leanadh le hAthbhreithniú ar Shamláil Bia san FSS, faoi mar a bhí aontaithe sa gConradh Seirbhíse idir ÚSBÉ agus an FSS. I 2009, d’fhoilsigh Saotharlanna Bia an FSS agus na hOifigí Sláinte Chomhshaoil páipéir seasaimh agus sraith Comh-Mholtaí. Tá an ÚSBÉ páirteach freisin san athbhreithniú. Forbairt thábhachtach a tháinig as an athbhreithniú seo is ea an comhordú náisiúnta agus réigiúnach ar shamláil, le sampláil breise á dhéanamh i luathstaidéanna (mórdhiol, iompórtáil srl.) an tslabhra bia.

Is forbairt bhreise eile i Seirbhís na nAnailísithe Phoiblí go bhfuil na 3 shaotharlann ag tabhairt na speisialtóireachtaí tástála, agus na príomhfheidhmeanna tástála a forbraíodh sna cúpla bliain atá caite, ina chéile ar bhonn níos foirmiúla.

2.4 Torthaí ar Thástáil Bia (Ceimiceach) do 2009


2.4.1 Clár Réigiúnach Faireachas Ceimiceach 2009

Cuireann an FSS agus ÚSBÉ Clár Réigiúnacha Faire Bia (Ceimiceach) le chéile eatarthu, a bhíonn comhordaithe go náisiúnta, agus bunaithe go príomha ar thosaíochtaí riosca bhunaithe a d’aithin an ÚSBÉ mar aon le riachtanais samplála réigiúnacha san FSS. Daingníonn an Coiste Réigiúnach Bia na Cláir, i gcomhpháirt le ÚSBÉ, agus áiríonn siad na seirbhísí OSC agus na Saotharlanna. Comhordaíonn an ÚSBÉ an Plean Ilbhliantúil Náisiúnta um Rialú atá ag Éirinn agus bíonn na Cláir Faireachais Bia áirithe ann. Tá Clár um Thástáil Cheimiceach FSS an Iarthair do 2009 léirithe in Aguisín 1.



2.4.2 Torthaí do 2009

Deineadh na suirbhéanna uilig a bhí leagtha amach do 2009; tháinig 3,054 sampla uilig isteach. Léiríonn an Figiúr thíos an 'staid' ag ar thóg Oifigigh Sláinte Chomhshaoil Réigiún an Iarthair samplaí (níl gearáin san áireamh) i 2009. Tógadh formhór na samplaí (77%) ag leibhéal miondíola.



2.4.3 Staitisticí do 2009

Tá daonra 1,010,690 (daonáireamh 2006) sa réigiún atá á chlúdach ag an saotharlann, sé sin FSS an Iarthair, agus tástáladh 3054 sampla bia i 2009 sin 3.02 in aghaidh gach 1,000 den daonra. Bhí 100 samplaí gearáin i gceist sna samplaí [féach 2.7] agus 2,954 samplaí eile. As na 2,954 thuas, eisíodh tuarascálacha dímholta (sé sin, torthaí tástálacha a léirigh sárú ar Chaighdeán Dhlí Bia na hÉireann) ar 190 (6.4%); cuirtear an figiúr seo 6.4% i gcomparáid le figiúirí blianta roimhe sin:

Tuarascálacha Dímholta (mar % na samplaí ar deineadh anailís orthu, gan gearáin a áireamh)

Year	%
2009	6.4
2008	7.4
2007	8.3
2006	5.4
2005	4.7
2004	5.0
2003	4.5
2002	5.1
2001	4.2
2000	5.1

As na 190 sárú, bhain 123 acu le heaspa sa lipéadú, go háirithe i samplaí ó áitribh eitneacha miondíola. Tugtar achoimre in Aguisín 2 ar na catagóirí earraí bia, na gearáin i leith sárúithe, agus ar na samplaí eile a fuarthas ó FSS an Iarthair agus ón bPobal Ginearálta. Tá achoimre i dTáblaí 1 agus 2 thíos ar obair 2009 de réir réigiún agus foinse samplála.

Tábla 1: Foinsí na Samplaí Bia (2009)

Curtha isteach de réir/(Cineál Sampla)	Líon Samplaí	Líon ar eisíodh Tuarascálacha Dímholta dóibh
Oifigigh Sláinte Chomhshaoil (FSS an Iarthair)		
Gnáthamh Neamhfhoirmiúil (Clár Samplála)	1,535	130
Poiblí (Gearáin Bia trí OSCanna)	86	39
Samplaí d'Iniúchadh (neamhchláraithe)	65	20
Samplaí leantacha (neamhchláraithe)	52	14
An Pobal Ginearálta		
Gearáin	14	11
Eile	110	2
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	299	5
suirbhé <i>biasláni</i> gcomhar le SSC an FSS agus SSC Thuaisceart Éireann	258	17
Míochaine Sláinte Phoiblí an FSS	19	0
Seirbhís Diaitéitice an FSS	25	0
An Ghníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara & BIP	249	2
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia & Seirbhís Tréidliachta Údaráis Áitiúil	37	1
DC Saotharlainne & Forbairt ar Mhodhanna srl	115	0
Deimhniúchán Easpórtála	190	0
MÓRIOMLÁN	3,054	240

Tábla 2: Foinsí Shamplaí Bia FSS an Iarthair (2009)

Cúram Pobail Limistéar Contae Seirbhís OSC (chuile chineál sampla)	Líon Samplaí a cuireadh isteach (seachas gearáin agus samplaí <i>SafeFood</i>)	Líon in aghaidh gach 1,000 daonra*
Gaillimh	294	1.27
Maigh Eo	162	1.31
Ros Comáin	119	2.03
An Clár	223	2.01
Luimneach	287	2.12
Tiobraid Árann Thuaidh/ Luimneach Thoir	164	1.43
Dún na nGall	209	1.42
Sligeach/Liatroim/Iarthar an Chabháin	194	2.13

* Bunaithe ar dhaonáireamh 2006

2.4.4 Achoimre Iomlán ar Thorthaí agus Caighdeán Bia 2009

Tugadh faoi raon leathan 'faireachais' i 2009 i leith truaillitheoirí/breiseáin/lipéadú srl mar aon le tástáil cothú sláinte phoiblí (salann, éilimh chothaitheacha, aigéad fólach srl.). Tá tuairisc na dtorthaí tugtha de réir paraiméadar i gcodanna 2.5 go dtí 2.7 thíos, agus achoimrí tugtha in Aguisíní 2 agus 4. Bhí roinnt cásanna éilliú bia ann, faoi mar a bhí sna blianta roimhe sin, agus dhéileáil na hOifigigh Sláinte Chomhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leo seo.

Bhí níos lú samplaí truaillithe ann ar an iomlán i 2009. Chomh maith leis sin, tá an laghdú ann i gcónaí ar líon na samplaí gearáin faoi bhia i gcomparáid le blianta roimhe sin (féach 2.7 thíos). Is 14 Tuarascáil Guaise/Éilliúcháin (féach 2.8) a heisíodh.

Is ábhar dóchais é go léiríonn na mórthorthaí atá tuairiscithe do 2009 ardchaighdeán bia go ginearálta inár réigiún agus leibhéal sách íseal éilliúcháin ceimiceach.

Nóta: Tá córas il-ghníomhaireachta in Éirinn d'fhaireachas oifigiúil bia – féach léiriú in Aguisín 3. Féach Tuarascálacha Bliantúla ÚSBE, -www.fsai.ie agus tuarascálacha na ngníomhaireachtaí (an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha, Údarás Áitiúla, FSS srl) atá páirteach i rialú oifigiúil bia, le theacht ar an bpictiúr mór faoi shábháilteacht agus glaineacht ár soláthar bia.

2.5 Truaillitheoirí Bia

2.5.1 Ginearálta

Déantar monatóireacht ar thruaillitheoirí agus ar iarmhair cheimiceacha i mbia le sábháilteacht & caighdeán an bhia a chinntiú mar aon le comhlíonadh reachtaíochta; agus is féidir iad a rangú go ginearálta mar seo:

- Tocsainí Nádurtha (Fungasach, Algach, Baictéarach, Tocsainí Nádurtha Plantain & Ainmhithe srl.);
- Truaillitheoirí Tionsclaíochta/Comhshaoil (Miotail Throma, Dé-Ocsainí, Melamine srl);
- Truaillitheoirí ó Phróiseáil/Phacáistiú Bia (Aicriolaimíd, Beinzi-[a]-Piréin, Tuaslagaithe, Bisfeanól-A, srl.);
- Ailléirginí (m.sh. Próitéin Pis Thalún, Glútan, Próitéin Uibhe, Suilffít srl);
- Iarmhair Chóireála Plantain agus Ainmhithe (Lotnaidicídí, Antaibheathaigh srl).

In Éirinn déantar comhordú náisiúnta ar fhaireachas truaillitheoirí/iarmhar. Déantar monatóireacht náisiúnta ar go leor truaillitheoirí/iarmhar mar speisialtóireacht i

saotharlanna singil. Léiríonn an tástáil a bhfuil cur síos air sa tuarascáil seo tosaíochtaí na dtuaillitheoirí a d'aithin FSS an Iarthair agus ÚSBE.

Nótaí:

(i) Cuireann Gníomhaireachtaí Oifigiúla Eile agus ÚSBE (féach Aguisín 3 agus www.fsai.ie) tuairiscí le chéile freisin faoi thruaillitheoirí & iarmhair i mbia. Cuireann Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (Teagasc) Bunachar Sonraí Náisiúnta um Iarmhair Bia ar fáil go bliantúil d'Éirinn -(féach <http://nfrd.teagasc.ie/>)

(ii) Tá sonraí faoi éilliú Micribhitheolaíoch bia le fáil i dtuarascálacha de chuid na Saotharlann Oifigiúil um Micribhitheolaíocht Bia, i dtuarascálacha Rannal/Gníomhaireachtaí eile (féach Aguisín 3) agus i dtuarascálacha ÚSBE (www.fsai.ie)

(iii) Cuireann an ÚSBE forbheathnuithe nuashonraithe rialta le chéile faoi Reachtaíocht AE agus na hÉireann ar Thruaillitheoirí Bia.



2.5.2 Truaillitheoirí Bia – Rialachán CE 1881/2006 (& 1126/2007, arna leasú)

Leagan Rialachán CE 1881/2006 síos teorainneacha do raon truaillitheoirí ceimiceacha i mbia. Tá achoimre i dTábla 3 ar thástáil ábhartha a deineadh anseo i 2009.

Tábla 3: Truailitheoirí Bia – Rialachán CE 1881/2006, Príomhthástáil i 2009

Truailitheoir	Teorainneacha	Cineálacha Samplaí	Iomlán	Comhlíonadh	Neamh-Chomhlíonadh
Aflatocsainí (B ₁ , B ₂ , G ₁ , G ₂)	2.0µg/kg (B ₁) 4.0µg/kg (Iomlán)	Min Bhuí & Táirgí Min Bhuí	33	33	0
		Im Phís Talún	30	30	0
		Cnónna	18	15	3
		Rís & Plúr ríse	15	15	0
		Táirgí Cnónna	14	14	0
		Eile	5	5	0
Fo-iomlán Aflatocsainí			115	112	3
Fumainisín ² (B ₁ , B ₂)	1,000µg/kg	Min Bhuí & Táirgí Min Bhuí	27	24	3
	800µg/kg	Gránaigh/Snealceanna Bricfeasta Min Bhuí	12	12	0
		Rís/Plúr ríse	1	1	0
Fo-iomlán Fumainisíní			40	37	3
Luaidhe ³ (Pb)	0.8mg/dm ² nó 4.0mg/L	Cré-earraí boird	45	41	4
	0.3 go 1.5mg/kg	Iasc & Táirgí Éisc	47	47	0
	0.05mg/kg	Bunús Deochanna	81	81	0
	0.020mg/kg	Foimlí Naíonna/ Foimlí Leanúna	20	20	0
	10.0µg/L	Uisce	53	53	0
	0.20mg/kg	Rís	20	20	0
	0.20 mg/kg (gránaigh)	Plúr, síolta, srl.	54	54	0
	-	Caife	40	40	0
	-	Uachtair sailéid/anlainn tartarach	21	21	0
	-	Fataí Tirim/Táirgí fataí ullmhaithe	21	21	0
-	Ilghnéitheach	20	20	0	
Fo-iomlán Luaidhe (Pb)			422	418	4
Caidmiam ³ (Cd)	0.07mg/dm ² nó 0.3mg/L	Cré-earraí boird	45	44	1
	0.05 go 1.0mg/kg	Iasc & Táirgí éisc	47	47	0
	-	Bunús Deochanna	81	81	0
	-	Foimlí Naíonna/Foimlí leanúna	20	20	0
	5.0µg/L	Uisce	53	53	0
	0.20mg/kg	Rís	20	20	0
	0.02mg/kg (gránaigh)	Plúr, síolta, gránaigh srl.	54	54	0
	-	Caife	40	40	0
	-	Uachtair sailéid/anlainn tartarach	21	21	0
	-	Fataí Tirim/Táirgí fataí ullmhaithe	21	21	0
-	Ilghnéitheach	13	13	0	
Fo-iomlán Caidmiam (Cd)			415	414	1
Mearcair ² (Hg)	0.50 go 1.0mg/kg	Iasc & Táirgí éisc	169	165	4
Fo-iomlán Mearcair (Hg)			169	165	4
Beinzi-[a]-piréin ⁴	2.0µg/kg (Ola)	Bia & Forlíonta Ola srl.	30	30	0
	2.0µg/kg	Iasc Stánaithe in Ola	30	30	0
	2.0µg/kg; 5.0µg/kg	Iasc	5	5	0
Fo-iomlán Beinzi-[a]-piréin			65	65	0

- ¹ *Is tocsainí fungasacha iad Aflatocsainí a d'fhéadfadh bianna áirithe a thruailliú (cnónna, gránaigh srl.), bia óna trópaicí/fothrópaicí ach go háirithe.*
- ² *Is tocsainí fungasacha iad Fumainisíní a thruaillíonn bianna ar nós arbhar agus táirgí arbhair anois agus arís.*
- ³ *I gcás sonraí AE i leith nochtú do Mhiotail Throma (As, Cd, Pb & Hg) féach Tuarascáil SCOOP an AE http://europa.eu.int/comm/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2_11_heavy_metals_report_en.pdf*
- ⁴ *Is hidreacarbón iltimthriallach aramatach (PAH) é beinzi [a] piréin a d'fhéadfadh bianna deataithe/dóite a éilliú. Féach tuarascáil PAH an AE ag http://ec.europa.eu/food/food/chemicalsafety/contaminants/scoop_3-2-12_final_report_pah_en.pdf*

Is carcanaigin genotoxic é Aflatocsain B₁ a d'fhéadfadh cnónna, gránaigh, torthaí tirim srl. a éilliú. Tagann go leor Fógraí Mear-Rabhaidh de chuid an AE as brath **Aflatocsainí** i mbia impórtáilte ag calafoirt (féach Cuid 2.8). Tá an FSS, i gcomhar leis an ÚSBÉ ag díriú le deireanas ar shamplaí bulctháirgí ag calafoirt agus déanann Saotharlann an Anailísí Phoiblí i mBaile Átha Cliath an tástáil. Tháinig laghdú ar líon samplaí FSS an larthair i 2009 agus béim ar shamplaí aonchineálacha ag leibhéal miondiola (plúir, pasta srl.). Bhí an iomarca Aflatocsainí i 3 cinn de na 115 sampla (2.6%) a tástáladh anseo i 2009. Ó Mhárta 2010, tá uasleibhéal níos airde Aflatocsainí ceadaithe in earraí áirithe bia (cnónna crann srl.) (Rialachán AE Uimh. 165/2010 ag leasú Rialachán CE Uimh. 1881/2006).

Níl an oiread **Miotail Throma** á n-iontógáil ag daoine le deireanas de bharr iarrachtaí, reachtaíocht san áireamh, le smacht a choinneáil ar risíocht an duine ina leith. I 2009, deineadh tástáil Luaidhe agus Caidmiam ar 422 sampla de mheascán mór earraí bia (féach Tábla 3); ní raibh ach ceithre *shampla de chré-earraí boird a raibh an iomarca Luaidhe (Pb) iontu agus ceann amháin leis an iomarca Caidmiam (Cd).


Tá uasleibhéal Luaidhe agus Caidmiam leagtha síos do chré-earraí a bhíonn i dteagmháil le hEarraí Bia de réir Threoir 84/500/CE ón gComhairle. D'eisigh an saotharlann seo tuairisc um Ghuais Bia faoina samplaí ceirmeacha; as sin tháinig Rabhadh an Chórais Mear-rabhaidh um Bia-ábhair agus Beathú (RASFF) agus tarraingíodh siar na hearraí.

* Dhá shampla chláráithe agus dhá shampla leantacha de na táirgí.

I 2009 chuir an Roinn Talmhaíochta & Bia seacht sampla cáiséine isteach d'anailís Luaidhe, bhí na seacht gcinn sásúil.

Is 89 sampla éagsúil d'uisce buidéalaithe a scrúdaigh ICP-MS ó thaobh 12 truaillitheoir miotalach, agus ní raibh an iomarca in aon cheann acu.

D'fhéadfadh **Beinzi-[a]-piréin**, sin carcanaigin genotoxic, a bheith i mbia deataithe/dóite. Níor bhfuarthas leibhéal ró-ard in aon cheann de na 65 sampla a tástáladh i 2009, rud a léiríonn íslí sna leibhéil le blianta anuas. Braitheadh leibhéal ardaithe Beinzi-[a]-piréin i 2 fhorlíonadh bia, capsúil Ginsing (11.5µg/kg) agus leacht Propolis (28µg/kg). Faoi láthair níl aon teora reachtach ann ó thaobh forlíonta bia, ach níltear ag súil le risíocht ródhona mar go mbíonn an ionghabháil íseal go ginearálta.



2.5.3 2.5.3 Truaillitheoirí Eile Bia srl.

Tá achoimre i dTábla 4 thíos ar thástáil truaillitheoirí srl. a deineadh i 2009 seachas na cinn atá clúdaithe i Rialachán CE Uimh. 1881/2006.

Tábla 4: Truailitheoirí/Iarmhair Eile Bia: Achoimre ar Thorthaí 2009

Truailitheoir	Teora(inneacha) (Foinse dleathach)	Cineálacha Samplaí	lamlán	Comhlíonadh	Neamh-chomhlíonadh
Bith-thocsainí Mara ¹	Cinntí AE 2002/225/CE & 2002/226/CE				
Tocsainí DSP ²	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallach	22	21	1
Tocsainí AZA ³	160 µg/kg	Diúilicíní, Oisrí, Breallach	23	22	1
Tocsainí ASP ⁴	20 mg/kg	Mar atá thuas	30	30	0
Glútan (sampláil OSC) ⁵	200 ppm*	Bianna atá déanta saor ó Ghlútan ⁶	3	3	0
	20 ppm*	Bianna atá saor ó Ghlútan go nádúrtha	83	83	0
Glútan (suirbhé SSC <i>biaslán</i> & FSS)	200 ppm	Béilí ullmhaithe. Teora 200ppm i bhfeidhm orthu uilig	258	241	17
Glútan (samplaí príobháideacha)	200 ppm*	Bianna atá déanta saor ó Ghlútan ⁶	0	0	0
	20 ppm*	Bianna atá saor ó Ghlútan go nádúrtha	50	50	0
Beinséin	10 µg/L (teora uisce inólta ÚSBÉ-EDS)	Deochanna Neamh-alcóil (57) & Deoch Alcóil (1)	58	58	0
Hlostaimín/Aimíní Bithghineacha ⁷	200mg/kg (Rialachán CE 1441/2007)	lasc Scombroid srl. (Tuinnín, Ronnach...)	320	305	15
Arsanaic (As)	0.5 mg/kg (IR 44 de 1972)	Bunús Deochanna	51	51	0
Substaintí Antaibhaictéaraacha (ABS) ⁸ (Tástáil Four-Plate CE)	'Crios' Coisc 2mm	Éanlaith Chlóis (29) Muiceoil srl. (22)	51	51	0

¹ D'fhéadfadh na tocsainí seo bailiú i sliogiasc a fhástar in uisce farraige ina bhfuil cuid mhaith algaí muirí. Sampláil na seirbhíse OSC ar leibhéal Miondiola/Lónadóireachta (den chuid is mó). Is ag leibhéal na táirgthe a dhéanann an Roinn CMAN/Foras na Mara an príomh-mhonatóireacht oifigiúil.

² Nimhiú Diarrhetic ó Shliogiasc (DSP)

³ Azaspiracid (AZA)

⁴ Nimhiú Aimméiseach ó Shliogiasc (ASP).

⁵ Áiríonn samplaí Gnáthamh, Iniúchadh agus Gearán

⁶ Tagraíonn go príomha do bhianna atá saor ó Ghlútan agus atá bunaithe ar stáirse cruithneachta.

⁷ Aimíní tástáilte do: hiostaimín; tyramine; cadaverine; putrescine. Cruthaítear aimíní bithghineacha amanna in iasc srl. as aiminaigéid a dhéanann baictéir. Is meisce cosúil le hailléirge é nimhiú hiostaimín nó Scombroid.

⁸ Tá príomh-mhonatóireacht oifigiúil á dhéanamh ag leibhéal táirgthe (monarchana feola srl) ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbairt Tuaithe agus ag na hÚdarás Áitiúla.

* Athbhreithníodh agus foilsíodh Caighdeán Codex 118 – 1979 ag deireadh 2008, leis an gcaighdeán seo laghdáidh an leibhéal 200ppm a bhí ann roimhe seo do 'bhianna atá déanta saor ó ghlútan' go dtí 100ppm; d'fhoilsigh an AE Rialachán (CE) 41/2009 ar an 20 Eanáir 2009 agus tá na teorainneacha céanna ann le caighdeán Codex 2008; cuirfean an Rialachán AE seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2012 áfach ach beidh na teorainneacha glútan Codex a bhí i bhfeidhm go dtí seo (200 ppm & 20ppm) i bhfeidhm (le cead an ÚSBÉ) go dtí 2012.

Glútan: Is nimh do chéiliaigh na próitéiní Glútan atá i gcruithneacht, eorna, seagal agus ina meascán crosantach. Leagan CODEX agus Rialachán CE Uimh 41/2009 na teorainneacha nua glútan síos mar seo a leanas:

- 100 mg/kg do bhianna atá “an-íseal i nglútan”, ina bhfuil comhábha(i)r amháin nó níos mó le glútan iontu
- 20 mg/kg do bhianna atá saor ó ghlútan go nádúrtha.

I 2009 fuarthas raon leathan bianna saor ó ghlútan ó chógaslanna, siopaí bianna sláinte, ollmhargaí agus ó lucht déantúsaíochta áitiúil. Chloí chuile cheann de 86 sampla cláraithe oifigiúil an FSS leis an reachtaíocht, rud a bhí amhlaidh freisin i gcás na 50 sampla ‘príobháideach’, tástáiltear go leor de na samplaí ‘príobháideacha’ seo do chuideachtaí ar iarratas ó Chumann Céiliach na hÉireann. Léiríonn na torthaí thuas go bhfuil, ar an iomlán, ardchaighdeán (ó thaobh leibhéil glútan) bianna saor ó ghlútan ar fáil don tomhaltóir.

Ghlacamar páirt i 2009 i **Suirbhé Thuaidh-Theas Safefood-FSS** faoi bhéilí Bialainne/Lónadóireachta a chuirtear amach rangaithe mar ‘Saor ó Ghlútan’. Go dtí seo, níl mórán eolas ar fáil faoina bianna seo. Faoi chomhordú de chuid Biaslánuair oifigigh samplála (scoláirí OSC agus/nó OSC sa Tuaisceart agus Deisceart) eolas ó lucht freastail agus/nó bainistíochta faoin eolas agus oiliúint atá ar lucht foirne bialann go ginearálta maidir le galar céiliach agus bianna saor ó ghlútan. Fuair oifigigh béilí “saor ó ghlútan” freisin le hanailís a dhéanamh orthu. Deineadh sampláil ar 248 áitreabh uilig, 200 sa Deisceart agus 48 sa Tuaisceart. Tugtar achoimre thíos ar thorthaí na 260 sampla (príomhchúrsaí den chuid is mó ach roinnt milseoga agus túschúrsaí freisin):

Méid glútain sna samplaí

Méid glútain (mg/kg)	Líon Samplaí	Céatadán den iomlán
Faoi 10	219	84.2%
10-20	14	5.4%
21-100	7	2.7%
101-200	3	1.2%
201-1,000	3	1.2%
>1,000	14	5.4%
Iomlán	260	

Bhí caighdeán an-ard i bhformhór (90%) na samplaí, le níos lú ná 20 mg/kg glútain. Bhí caighdeán ard freisin i 3.9% de shamplaí eile, na leibhéil idir 21 agus 200 mg/kg. Bhí an iomarca glútain (> 200 mg/kg) i 17 sampla (6.5%). Is údar díomá iad na 14 sampla a raibh níos mó ná 1000mg/kg glútain iontu (na torthaí idir: 1050 agus 6740 mg/kg), léiríonn seo easpa eolais maidir leis na bunchéimeanna atá riachtanach lena chinntiú go bhfuil béile atá ceaptha a bheith ‘saor ó ghlútan’ saor ó ghlútan in dáiríre. Bunaithe ar na leibhéil seo creidtear



gurb amhlaidh go n-úsáidtear comhábhair le glútan iontu in ullmhú na mbéilí, seachas gur traséilliú é a tharlaíonn de thimpiste. Thug na hoifigigh údaraithe cuairteanna eile ar na háiteanna ónar dtáinig samplaí ‘míshásúla’. Tá tuairisc faoin suirbhé curtha le chéile ag biaslán agus tá moltaí ann le rudaí a fheabhsú. Léirítear go soiléir ann go dteastaíonn oiliúint leanúnach ó lucht foirne lónadóireachta d’ullmhú bianna saor ó ailléirgin, lena n-áirítear bianna saor ó ghlútan.

Tá tuairisc faoi Bhianna atá Saor ó Ghlútan curtha le chéile ag Grúpa Oibre ÚSBÉ, - féach <http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/4a70f71b-7c15-4e72-bd6f-c85deba481de.pdf>

Aimíní bithghineacha: I 2009 tástáladh 320 sampla d'iasc anseo do **Hiostaimín** agus do 3 aimín bithghineach eile, viz. Putrescine, Cadaverine agus Tyramine. Ina measc seo bhí 210 sampla iasc (21x 9 bhfoshampla, agus 21 sampla eile), ón Údarás Cosanta lascaigh Mara (SFPA), 36 (4 x 9 bhfoshampla) sampla lonad Iniúchadh Teorann ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus 74 sampla ó Oifig Shláinte Chomhshaoil an FSS.

Bhí an iomarca Hiostaimín (144 -3100mg/kg) i 15 de na 320 sampla, ag áireamh 13 de na samplaí OSC (4 cinn singil agus 1 x 9 foshampla leanúna) agus 2 shampla PST (pointe scrudú teorainn) (as sraith de 9). Bhain 10 gcinn de na 13 sampla OSC a bhí míshásúil le cas amháin a bhain le ronnachaí. Eisíodh dhá Thuairisc um Ghuais/Éilliú Bia agus eisíodh Rabhadh RASFF (Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú) don sampla BIP, Luanta Tuinnín reoite ó Chalafort Bhaile Átha Cliath.

Bhí leibhéal ardaithe Cadaverine (>100 mg/kg) i 19 sampla de na 320 sampla agus leibhéal ardaithe Tyramine (>100 mg/kg) i 5 shampla; bhí leibhéal ardaithe Putrescine (>100 mg/kg) i sampla amháin.

Le tuairisc ghinearálta a fháil ar nimhiú Hiostaimín féach ar <http://www.fda.gov/Food/GuidanceComplianceRegulatoryInformation/GuidanceDocuments/Seafood/FishandFisheriesProductsHazardsandControlsGuide/ucm091910.htm>.

Substaintí Antaibhaictéaracha (ABS): Ní bhfuarthas aon rian substaintí antaibhaictéaracha (ABS) in aon cheann de na 51 sampla d'éineoil agus muiceoil úr a tástáladh i 2009 trí Thástáil 4-Plate an CE.

2.6 Cothú/Comhdhéanamh, Breiseáin, Lipéadú srl.

Le blianta anuas tháinig méadú ar an tástáil cothaitheach/comhdhéanaimh a dhéanann an saotharlann, go háirithe sna réimsí 'salainn'/sóidiam, aigéad fólach agus gnáthlipéadú bia.

2.6.1 Sóidiam/Salann i mBia

I ndiaidh taighde a rinne "Consensus Action of Salt and Health" (CASH), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus daoine eile, tá iarracht mhór idirnáisiúnta á dhéanamh leis an méid 'Salainn'/Sóidiam a thógann daoine a laghdú. D'fhoilsigh Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann tuarascáil le deireanas darb ainm "Salt and Health: Review of the Scientific Evidence and Recommendations for Public Policy in Ireland", - www.fsai.ie/uploadedFiles/Science_and_Health/salt_report-1.pdf.

Tugann sonraí atá luaite sa tuarascáil agus a bhaineann le hÉirinn le fios go dtiocfadh laghdú timpeall 1,700 ar an méid daoine a fhaigheann bás in Éirinn in aghaidh na bliana ó stróc agus galar ioscaemach croí dá dtarlódh an laghdú molta maidir leis an méid salainn a thógann daoine. Léiríonn na sonraí go bhfuil an ionghabháil iomarcach salainn ina ceist mhór sláinte poiblí in Éirinn agus in áiteanna eile. Tá ÚSBÉ, i gcomhar leis an tionscal bia, ag cur clár i ngníomh chun na leibhéil salainn a laghdú sna príomhbhianna próiseáilte ina mbíonn salann, féach www.fsai.ie le nuashonrú dul chun cinn a fháil. Is í an aidhm shonraithe ná an meánionghabháil salainn a bheith laghdaithe go dtí 6 g sa lá (ó 10g sa lá) faoin mbliain 2010. Moltar gur 4g sa lá an méid is mó a bheadh ceadaithe ar deireadh. Aontaíodh freisin ar chreat AE comónta i leith laghdú ginearálta de ar a laghad 16% a bheith ar ionghabháil salainn faoin mbliain 2012. Tá achoimre tugtha i dTábla 5 ar thorthaí 2009 an chláir ÚSBÉ.



Tábla 5: Achoimre ar Thorthaí Thástáil Salainn (Sóidiam & Potaisiam) 2009

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl.		Samplaí Tástáilte	Meán Torthaí (g/100g)	Raon na dTorthaí (g/100g)
'Salann' (Sóidiam & Potaisiam)	Feoil Próiseáilte & Táirgí Feola Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	127	0.81	0.04 – 2.36
		Potaisiam	127	0.24	0.09 – 0.87
	Anlainn Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	71	0.4	0.06 – 1.44
		Potaisiam	71	0.19	0.03 – 0.42
	Béilí Ullmhaithe Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	58	0.23	0.07 – 0.41
		Potaisiam	58	0.17	0.08 – 0.38
	Cáiseanna Suirbhé ÚSBÉ	Sóidiam	70	0.8	0.19 – 1.61
		Potaisiam	70	0.11	0.04 – 0.34
	Béilí ullmhaithe san áitreabh Suirbhé áitiúil SSC Cho. na Gaillimhe	Sóidiam	30	0.31	0.15 – 0.67
		Potaisiam	30	0.21	0.05 – 0.75
	Béilí ullmhaithe Cócaráilte/Ullmhaithe san Áitreabh Suirbhé réigiúnach FSS	Sóidiam	33	0.40	0.12 – 0.76
		Potaisiam	33	0.28	0.11 – 0.56
	Suirbhé ÚSBÉ-FSS d'Éilimh Cothaitheach Bianna Iompórtáilte de Bhunús Ainmhíoch	Sóidiam	43	0.66	<0.01 – 2.32
		Potaisiam	43	0.24	<0.01 – 0.57
	Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha ¹ Samplaí réigiúnacha FSS & sampla amháin ó Seirbhís treadlaithe na údaraí áitiúla.	Sóidiam	14	0.61	0.11 – 1.77
		Potaisiam	14	0.28	0.12 – 0.88
	Gránaigh Bricfeasta Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	30	0.30	<0.01 – 0.52
		Potaisiam	30	0.30	0.05 – 0.76
	Bianna d'úsáidí áirithe cothúcháin (PARNUTS) Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	10	0.39	0.17 – 1.05
		Potaisiam	10	0.74	0.52 – 1.04
Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha ² Daitéitic FSS (Ospidéal Pháirc Mheirlinne)	Sóidiam	22	1.36	0.03 – 10.05	
	Potaisiam	25	0.65	0.04 – 3.6	
Arán ³ Sláinte Poiblí FSS (Ospidéal Dr. Stevens')	Sóidiam	19	0.42	0.35 – 0.56	
	Potaisiam	19	0.16	0.1 – 0.22	
Uisce Buidéalaithe Samplaí réigiúnacha FSS	Sóidiam	8	183 (mg/L)	17 – 1050 (mg/L)	

¹ Ag áireamh béilí ullmhaithe, criospaí, anraith, feoil & táirgí feola próiseáilte.

² Ag áireamh caife, gráiníní súlach, arán, púdar cillí, anlainn, blastanas, fínegar, cáis, forchraiceann oráiste & líomóide, tráta griantriomaithe, ciúb stoic glasraí & faighneoga fanaile.

³ Luachanna sóidiam ag teastáil mar chuid den phróiseas soláthair do cheannach arán sa FSS

Sa tábla freisin tá torthaí ó fhaireachas réigiúnach agus áitiúil a rinne an FSS (samplaí ó OSCanna) ar raon bianna, ina measc, Béilí Ullmhaithe, Bianna Próiseáilte Ilghnéitheacha srl. agus torthaí do chliant eile. Mar shampla, seasann meánluach sóidiam 0.40 g/100g na mBéilí Ullmhaithe (Cócaráilte/Ullmhaithe san áitreabh) do 1.02g 'salainn' (clóiríd sóidiam) in aghaidh an 100g, agus 4.1 g salainn in aghaidh gach béile (do bhéile ar mheáchan 400g). Ciallaíonn sé seo go bhfuil sprioc-ionghabháil iomlán an lae (4 g) i gcúrsa amháin de bhéile amháin.

Nóta: Tá Taighde Bia Theagasc i mBaile an Ásaigh ag déanamh taighde ar shalann a laghdú i mbéilí réamhullmhaithe agus tá roinnt torthaí tástála foilsithe acu ar na cineálacha seo bia (féach an píosa i TRearch Imleabhar 5, Uimhir 2. Samhradh 2010).

Tá suirbhé suimiúil freisin i dTábla 5 faoi thástáil arán do Shláinte Poiblí an FSS ó thaobh monatóireacht ar leibhéil Sóidiam mar chuid den phróiseas soláthair/ceannacháin arán san FSS.

2.6.2 Suirbhé ÚSBÉ-FSS 2009 d'Éilimh Cothaitheach Bianna

Tá feidhm le Rialachán 1924/2006 agus Ionstraim Reachtuil I.R. 461/2009 i gcás éilimh chothúcháin agus sláinte a déantar i gcumarsáid thráchtála (bíodh sin sa lipéadú, sa gcur i láthair nó sa bhfógraíocht) faoin mbia a bhíonn le soláthar don chustaiméir deiridh.

I 2009 tugadh faoi roinnt suirbhéanna náisiúnta faoi Bhianna Iompórtáilte agus Éireannacha de bhunús Ainmhíoch, a bhí comhordaithe ag Grúpa Oibre Trasghníomhaireachta ÚSBÉ. Seo é an chéad uair ar tugadh faoi shuirbhéanna náisiúnta trasghníomhaireachta dá leithéid seo. Tá achoimre i dTábla 6 thíos ar an tástáil a deineadh sa saotharlann seo i 2009.



Tábla 6: Suirbhé ÚSBÉ-FSS 2009 d'Éilimh Cothaitheach

Cuntas ar an Suirbhé	Samplaí curtha isteach ag	Tástáil	Samplaí Tástáilte	Samplaí um Nearnh-chomhlíonadh
Bianna Iompórtáilte de Bhunús Ainmhíoch ¹ le hÉilimh Lipéadaithe Saille Leibhéal miondíola.	FSS OSC	Saill	58	5
		Lipéadú Ginearálta ²	58	2
Bianna Iompórtáilte de Bhunús Ainmhíoch ¹ le hÉilimh Lipéadaithe Próitéin Leibhéal miondíola.	FSS OSC	Próitéin	68	2
		Lipéadú Ginearálta	68	6
Bianna Iompórtáilte de Bhunús Ainmhíoch ¹ le hÉilimh Lipéadaithe Salainn/Sóidiam Leibhéal miondíola	FSS OSC	Sóidiam	43	1
Bianna Éireannacha de Bhunús Ainmhíoch ¹ le hÉilimh Lipéadaithe Saille, Próitéin nó Salainn (Sóidiam) Leibhéal déantúsaíochta/Próiseála	Seirbhísí Tréidliachta na RTIB & ÚÁ	Saill	30	6 ³
		Próitéin		5 ³
		Sóidiam		4 ³
		Lipéadú Ginearálta		3 ³

¹ Feoil, Táirgí Feola, Táirgí Déiríochta, Miasa Ullmhaithe srl.

² Samplaí scrúdaithe do chomhlíonadh leis an reachtaíocht d'éilimh ghinearálta, chothaitheach agus sláinte.

³ Léirigh torthaí go bhfuil na samplaí seo easpach sa reachtaíocht lipéadaithe, ach nach bhfuil an reachtaíocht á shárú mar sin féin mar nár tógadh na samplaí ag leibhéal miondíola.

Bhí lipéadú míchruinn ar roinnt de na samplaí maidir leis an méid Saille, Próitéin nó Salainn (Sóidiam) a bhí iontu agus cuid eile easpach ó thaobh na reachtaíochta d'éilimh ghinearálta, chothaitheach nó sláinte (féach Tábla 6 d'achoirne).

2.6.3 Tástáil Eile Cothúcháin.

Tá achoimre i dTábla 7 faoi thástáil eile cothúcháin a deineadh anseo i 2009.

Tábla 7: Tástáil Eile Cothúcháin/Comhdhéanaimh 2009

Paraiméadar	Cineálacha Bia srl.	Samplaí Tástáilte	Raon Torthaí(ug/100g)
Aigéad Fólach	Gránaigh Próiseáilte	22	<20 go 614 µg/100g
	Leite	4	<20 go 356 µg/100g
Saill	'Béilí Réamhullmhaithe' Pacáistithe Suirbhé ar shamplaí áitiúla-OSC Chondae na Gaillimhe	30	1.4 – 21 g/100g
	Forlíonta Bia (Bianna d'úsáidí cothúcháin ar leith = Samplaí PARNUTS)	10	<1 – 14.7 g/100g
	Samplaí eile	11	0.7 – 13.1 g/100g
Próitéin	Forlíonta Bia (Samplaí PARNUTS)	10	10.1 – 51.8 g/100g
Iarann (Fe)	Gránaigh Bricfeasta	31	14 – 190 mg/kg

Tugadh isteach tástáil **Aigéad Fólach** anseo i 2006 mar acmhainn anailiseach don **ÚSBÉ** i dtaca le treisiú éigeantach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar arán le haigéad fólach. Go dtí seo, tá dhá shuirbhé náisiúnta (2006 agus 2007) déanta ar arán treisithe agus neamhthreisithe ar mhargadh na hÉireann, chomh maith le staidéar treoirghléasra treisiúcháin (2008) ar phlúir agus aráin le theacht ar an mbealach is fearr ina bhféadfaí na leibhéil cuí aigéad fólach a chur sna táirgí críochnaithe. Níor moladh treisiú éigeantach i dtuairisc an Ghrúpa Feidhmiúcháin um Threisiúcháin le hAigéad Fólach www.fsai.ie/assets/0/86/204/cc3c2261-7dc8-4225-bf79-9a47fbc2287b.pdf ach go ndéanfaí monatóireacht (deonach) ar na bianna ar an margadh. Deineadh suirbhé beag i 2009 ar Ghránaigh Bricfeasta (don mhéid Aigéad Fólach a bhí iontu) (féach Tábla 7). Bhí na torthaí laistigh den raon measta ar an iomlán ach go raibh beagán níos mó i roinnt samplaí ná mar a bhí luaite sna luachanna lipéadaithe. Eisíodh tuairisc níos mionsonraithe don **ÚSBÉ**. Chuir an saotharlann tús le forbairt modha d'Aigéad Fólach i bhForlíonta le go bhféadfaí suirbhé a dhéanamh ar na forlíonta uilig le haigéad fólach iontu (fógartha mar fhorlíonta bia nó mar chógais) a bheadh ar an margadh i 2010.

Deineadh anailís ó thaobh a raibh d'Iarann iontu ar 31 sampla gránaigh bricfeasta. Bhí na torthaí ó idir 14 -190 mg/kg.

Méid Cothúcháin i dTáirgí Sicín agus Fataí: rinne biaslán coimisiúnú i 2006 ar staidéar faoin Méid

Cothúcháin i dTáirgí Sicín (brollach, buirgí, mion píosaí sicín srl.) agus Táirgí Fataí (sceallóga, dingeacha, srl.) ag cuntaire deilí agus ionaid beir leat. Í 2006, rinne an saotharlann seo agus saotharlann Anailísí Phoiblí Chorcaí tástáil le haghaidh saill, saill sháithithe, próitéin, sóidiam agus meáchan. D'fhoilsigh biaslán tuairisc dheiridh an staidéir seo i 2009, - www.safefoodonline.ie Léirítear na príomhghnéithe/moltaí seo sa tuairisc:

- Go bhfuil níos mó saille agus salainn i mearbhia ná mar atá sna bianna céanna a réitítear ag baile.
- Gur cheart breathnú ar mhearbhia mar bhia 'ócáideach' (m.sh. uair sa tseachtain nó níos lú).
- Go mbíonn éagsúlacht mhór i méid na gcodanna. Go mbíonn codanna an-mhór i gcuid mhaith de na hionaid mearbhia.
- Gur fearr sceallóga móra tiubha a úsáid mar nach súnn siad an oiread saille sa gcócaráil.
- Gur chóir do thomhaltóirí éileamh a dhéanamh nach mbeadh salann curtha ar an mbia agus é á ullmhú.
- Gur chóir roinnt glasraí ar nós taobhshailéad nó piseanna srl. a úsáid mar chuid den ionghabháil molta 5-sa-ló (torthaí agus glasraí).

2.6.4 Torthaí Cáilíochta 2009 do Bhreiseáin / Lipéadú / Comhdhéanamh

Tá achoimre i dTábla 8 ar thástáil éagsúil i 2009 do bhreiseáin/lipéadú/chomhdhéanamh & srl.

Tábla 8: Achoimre ar Thorthaí Cáilíochta 2009 do Bhreiseáin/Lipéadú/Comhdhéanamh

Paraiméada(i)r	Cineálacha Bia srl.	Líon Samplaí Tástáilte & Torthaí		
		Iomlán	Comhlíonadh	Neamh-chomhlíonadh
Breiseáin				
Beansóáití & Sorbáití ¹	Deochanna boga (23), Anlainn (21) & Subha (3)	47	47	0
Dé-ocsaíd Sulfair ¹ (Sulfítí)	Feoil/iasc (52), Fion/Beoir (29), Cloicheáin/Portáin (51), Torthaí/glasraí tirime (67), Fataí scafa (3) Eile (4)	206	198	8
Nítrítí & Níotrítí ¹	Feoil Leasaithe (6) & Táirgí Feola (2)	8	8	0
Milsitheoirí Saorga ² (sé sin Aicéasulféim K, Aspairtéim & Slúicrín)	Deochanna Neamh-alcóil (1) Anlainn (2)	3	3	0
Ionradaíocht Bia³				
A) Scagthástáil Ionrais Fóta-spreagtha	Luibheanna/Spíosraí (58), Blastáin/stoic (10) Tae luibhe/tae/caife (23), Vitamíní & Forlíonta Bia (12), Síolta (5), Torthaí & Glasraí (4), PARNUTS (7) & Eile (9)	128	128	0
B) Tástáil deimhnithe teirmilónrais (SUERC, Albain)	Luibheanna/Spíosraí (3), Blastáin/stoic (3), Taenna luibhe/tae(2),	8	6	2
Tástáil Déiríochta⁴	Táirgí déiríochta (Bainne, uachtar, srl)	52	42	10
Lipéadú Ginearálta	Bianna Pacáistithe Ilghnéitheacha	384	281	103
Láidreacht Alcóil	Biotáillí ar thomhas Tigh Ósta	21	21	0
Eile:				
pH	Cineálacha Bia Ilghnéitheacha	311	311	0
Taiseacht	Cineálacha Bia Ilghnéitheacha	2	2	0
Tag. Innéacs/Sol. Solaid	Subha, Seatnaí srl.	8	8	0

¹ Údarú agus teorainneacha leagtha síos in Ionstraim Reachtúil Uimh. 40 de 2008. De réir Treoracha AE caithfidh ballstáit monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus ionghabháil Breiseán.

² Údarú agus teorainneacha leagtha síos in Ionstraim Reachtúil Uimh. 34 de 2008.

³ Údaraíonn I.R. 297 de 2000 ionradaíocht luibheanna, spíosraí agus blastáin glasraí. Caithfear lipéadú chuige seo a chur ar bhíanna ionradaithe

⁴ Tástálacha Éagsúla: ALP ('Paistearadh'), Substaintí Toirmeascacha (tástáil Delvo), FPD/Uisce seachtrach, Saill, Próitéin, Lipéadú Ginearálta srl. Ní áirítear táirgí déiríochta a fuarthas do thástáil eile (Éilimh Coth., Luaidhe (Pb) srl.) sa líon samplaí.

Is iad an ÚSBÉ agus FSS a dhéanann cinneadh bliantúil faoin rogha **breiseán** a ndéanfar monatóireacht orthu. I measc na bhfachtóirí áirítear úsáid, baol dul thar an ionghabháil laethúil inghlactha (ADIs), ceisteanna eile maidir le: riosca, agus torthaí babhtaí roimhe sin. Déantar an tástáil le haghaidh monatóireacht i leith comhlíonadh reachtaíochta agus freisin chun sonraí faoina leibhéil agus ionghabháil a bhailiú don AE. Tá clár faireachais breiseán dá gcuid féin ag ranna eile den FSS. Léiríonn na torthaí ón saotharlann seo (féach Tábla 8) do 2009 agus do bhlianta roimhe sin go bhfuil ardleibhéal comhlíonta ann ar an iomlán. Déileáilann na hoifigigh údaráithe leis na cásanna um neamh-chomhlíonadh.

Lipéadú Ginearálta: Cónascann Ionstraim Reachtúil Uimh. 483 de 2002 reachtaíocht ar lipéadú earraí bia go ginearálta. Tá forbhreathnú ar reachtaíocht um lipéadú agus gnáthaimh fhorfheidhmiúcháin srl. léirithe i bhfoilseachán ÚSBÉ (The Labelling of Food in Ireland – FSAI 2007).

<http://www.fsai.ie/assets/0/86/204/5dfb809a-7902-4f03-bb6a-6e25a5a09736.pdf>.


Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le próiseas comhairliúcháin ar athchóiriú na reachtaíochta Eorpaigh um lipéadú bia agus leanfar leis seo isteach i 2010.

Scrúdaíodh 384 sampla anseo i 2009 féachaint an rabhtas ag comhlíonadh na reachtaíochta don lipéadú agus bhí 103 acu ag sárú na reachtaíochta seo. Eascraíonn go leor de na deacrachtaí as bianna atá próiseáilte in Oirthear na hEorpa agus bianna próiseáilte 'eitneacha' eile nach bhfuil lipéadaithe i mBéarla ná i nGaeilge, agus easpaí Dearbhú Comhábhar Cainníochtúil (QUID) sa lipéadú agus as gnéithe a bhaineann le lipéadú earraí bia le héilimh chothúcháin agus/nó sláinte nach gceadaítear faoi théarmaí Rialachán 1924/2006.

2.7 Samplaí de Ghearáin.

Bíonn samplaí gearán i gceist nuair a fhaigheann tomhaltóirí truailliú, inmhiólú, lotamas, ábhar seachtrach nó lochtanna eile i mbia. Bíonn roinnt gearán ann mar gheall ar tharlúintí nimhiú bia (scrúdaítear na samplaí seo den chuid is mó sna saotharlanna don Mhicribhitheolaíocht Bia, ach b'fhéidir go mbeadh gá le tástáil cheimiceach freisin). De ghnáth bíonn ábhar coimhthíoch i láthair sna samplaí gearán a phróiseáiltear sa saotharlann seo ar nós feithidí, ribí/snáithíní, 'smionagar' gléasra, plaisteach, gloine, miotal, gnáthdhusta/ábhar neamhaitheanta nó boladh/blas aisteach ar an mbia.

Complaint Samples Testing



Samplaí Neamh-chomhlíonadh Samplaí Sásúla

Deineadh iniúchadh ar 100 sampla gearán san iomlán i 2009, 86 ón tseirbhís OSC agus 14 go díreach ón bpobal. Amach as an 100, eisíodh tuarascáil dímholta i gcás 50 acu (50%), - féach Aguisín 2 do bhriseadh síos de réir an chatagóra bia. Tá laghdú mór tagtha ar líon na ngearán bia chuig an saotharlann seo ó mheán rialta thart ar 230 sa mbliain (1999-2003) go meán 133 (2004 – 2009). Níltear cinnte céard is cúis leis an laghdú seo ach b'fhéidir go bhfuil na miondíoltóirí níos fearr ag déileáil leis na gearáin.

Ní fhaightear gearáin ach faoi chéatadán an-bheag bia i gcomparáid leis an méid ábhar bia a itear inár réigiún.

2.8 Tuarascálacha ar Fholáirimh (RASFF) agus Guaiseanna/Éilliú Bia.

Gníomhaítear Córas Mear-Rabhaidh Bia agus Beathú an AE (RASFF) nuair a thuiriscíonn ballstát mórthruailliú/riosca a bhaineann le baic bia nó beathú. Tá tuarascáil curtha le chéile ag an gCoimisiún Eorpach ar Fhógraí RASFF 2008, a thugann briseadh síos sonrach ar an gcatagóir bia, nádúr riosca/guaise, bunús an bhia, tír thionscnaimh an rabhaidh rle, féach http://ec.europa.eu/food/food/rapidalert/report2008_en.pdf

Tá achoimre gearr thíos ar Fhógraí 2008 an ghrúpa Guaise:

Grúpa Guaise/Riosca	Líon na bhFógraí (2008)
Bia: Guaiseanna Ceimiceacha & Fisiceacha ¹	2,233
Bia: Guaiseanna Micribhitheolaíochta ²	524
Bia: Guaiseanna/Rioscaí Eile ³	357
Guaiseanna Earraí Bia Ainmhithe ⁴	18

- ¹ Míceatocsainí, Miotail Throma, Rian Loitnadaidí agus Tréidliachta, Breiseáin, Ailléirginí, Bith-thocsainí Mara, GMOs, Ábhar Coimhthíoch, Ionradaíocht, Imeacht ó ábhair teagmhála bia, Comhdhéanamh srl.
- ² Baictéir Pataigineach (Salmonella, Listéire srl) agus Víris, Truailliú Micribhitheolaíochta Eile.
- ³ Srianata easpacha, Táirgeadh neamhdaraithe, Lipéadú ar iarraidh srl. Pacáistiú Lochtach, Eile..
- ⁴ Gach guais fógartha faoi Bheathú d'Ainmhithe.

Eisíonn an saotharlann **Tuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia** nuair a dhéantar amach go bhfuil mórthruailliú i gceist. Nuair a dhéanann an ÚSBÉ staidéar air, b'fhéidir go n-eiseofaí Rabhadh Bia (don AE) ag brath ar a dtuairim faoin riosca. D'eisigh an saotharlann 14 Tuairisc um Ghuais/Éilliú Bia i 2009 a bhain le: Dé-ocsaíd Sulfair neamhdhearbhaithe in ispiní (2) & i bhfíon (1); Fumainisín B1 & B2 i min arbhair (1) & min bhuí (1); Hiostaimín i ronnachaí (1) (bhain seo le 12 sampla) & Luanta Tuinnín (1); Luaidhe i gceirmeach (2) (pláta & babhla ceirmeach); Ábhar coimhthíoch i muesli (1) & foirmlí naíonna (1); Leamhain beo i mbran cruithneachta (1); gobacháin i rís donn (1) agus Giosta, Caonach liath agus eatánól i ndeoch oráiste (1). Eisíodh 3 fhógra RASFF mar gheall ar na tuairiscí um éilliú bia thuas (fogra foláirimh amháin agus péire fógraí eolais).

Tugtar achoimre thíos ar líon iomlán na dTuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia a heisíodh go dtí seo:

Líon na dTuarascálacha um Ghuais/Éilliú Bia a heisíodh								
2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001
14	7	24	26	23	16	16	19	43

3. UISCÍ / EISILTIGH

3.1 Réamhrá

Cuireann an saotharlann seirbhís tástála uisce ar fáil don FSS, d'Údarás Áitiúla, don phobal ginearálta agus do thionscal áitiúil.

Rinne an saotharlann anailís ar 9,735 sampla uisce uilig le linn 2009. Is samplaí d'uiscí inólta, uiscí snámha, uiscí linnte, eisiltigh agus haema-scagdhealaithe a bhí iontu seo.

Is uisce le n-ól iad formhór na samplaí a thagann isteach, agus tástáiltear iad féachaint an gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce le nÓI) 2007, I.R. 278 de 2007. Is féidir anailís a dhéanamh ar suas le 25 paraiméadar ceimiceach éagsúil. Tá achoimrí ar thorthaí pharaiméadair áirithe á dtaispeáint thíos. Tástáiltear samplaí Uisce Snámha féachaint an gcloíonn siad le Rialacháin Chaighdeán Uisce Snámha 1992 (I.R. Uimh. 155 de 1992).



3.2 Samplaí d'Fhoinsí 2009

Tháinig na samplaí a fuair an saotharlann óna foinsí seo a leanas:

Foinse	Líon
Gaillimh (FSS)	1,787
Comhairle Chontae na Gaillimhe	199
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	1,101
Maigh Eo	1,495
Ros Comáin	240
Dún na nGall	1,540
Sligeach/Liatroim	701
Tiobraid Árann Thuaidh	447
An Clár	333
Luimneach	694
Haema-scagdhealú (Ospidéal)	388
Príobháideach	795
Ilghnéitheach	15
IOMLÁN	9,735

3.3 Fluairíú Soláthairtí Uisce Poiblí

Tá Fluairíd á chur leis na Soláthairtí Uisce Poiblí in Éirinn óna 1960adaí ar mhaithe le sláinte fiacla a fheabhsú. Sonraíonn Rialacháin Fluairíú Soláthairtí Uisce 2007 (I.R. Uimh. 42 de 2007, raon tiúchana 0.6mg/L in aghaidh 0.8mg/L Fluairíde. Faoi réir na Rialachán freisin, caithfear monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal Fluairídite na soláthairtí uisce uair amháin i ngach mí féilire.

Déanann an saotharlann seo an tástáil fluairíde oifigiúil míosúil ar na soláthairtí fluairídite uilig sa réigiún. Tá na torthaí in Aguisín 5.

3.4 Luaidhe

Tuigtear le fada gur ábhar nimhiúil é Luaidhe. Bíonn tionchar ag Luaidhe ar fhorbairt na gcóras néarógach agus ar fhorbairtí intleachtacha agus iomraíochta. Dá bhrí sin, tá riosca níos airde ann don ghin agus do leanaí faoi sé bliana d'aois.

Tá luaidhe go fairsing timpeall orainn, i seantithe inár úsáideadh péint le luaidhe ann, sa bhfód, in ábhair pluiméireachta agus rudaí eile.

Bheidís seo a leanas i measc na bhfachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an méid luaidhe a théann isteach in uisce le n-ól:

- Claonadh creimneach an uisce. Leánn uisce le pH íseal (aigéadach) píopaí agus sádair Luaidhe i bhfad níos mó ná mar a dhéanann uisce le pH ard (alcaileach), agus dá bharr seo bíonn i bhfad níos mó luaidhe san Uisce le nÓl.
- An méid píopánra Luaidhe a bhíonn i dteagmháil leis an uisce. Bíonn an píobánra luaidhe athraithe i gcuid mhaith cásanna.
- An t-achar ama a bhíonn an t-uisce i dteagmháil leis an bpíopánra Luaidhe. Á fhaide an tréimhse teagmhála, is ea is airde a bheidh an méid Luaidhe san uisce. Bíonn an leibhéal Luaidhe níos airde de ghnáth ar maidin mar gheall go mbíonn an t-uisce fágtha "suite" thar oíche. Bhíodh faisean ann fáil réidh leis an gcéad shruth uisce ar maidin in áiteanna go raibh a fhios gur píopánra Luaidhe a bhí in úsáid.

Is é an teora reatha do Luaidhe in Uisce le nÓl ná 25µg/L Pb. Ísleofar an leibhéal seo go dtí 10µg/L Pb i 2013.

Sa tábla thíos, léirítear na torthaí ar na 708 sampla a tástáladh ceann ar aghaidh do luaidhe i 2009.

Tábla 9: Torthaí Luaidhe 2009

Torthaí Luaidhe (µg/L).				
Raon Tiúchana	≤ 5	6-25	26-100	>100
Líon Samplaí	414	157	122	15

3.5 Comhdhúile Orgánach Soghalaithé (VOCs)

Is aicme comhdhúile iad VOCs a áiríonn, i gcomhthéacs Uiscí Inólta, Tríhalaimeatáin, Beinséin (a d'fhéadfadh theacht as eisiltigh thionsclaíoch), 1,2, Déchlóireatán (a úsáidtear i dtáirgeadh clóiríd vinile), Tríchlóireitín agus Teitreaclóireitín (a úsáidtear sa tionscal tirimghlanadh).

Rangaítear beinséin mar ábhar carcanaigineach agus rangaítear na trí chomhdhúile deiridh mar charcanaiginí féideartha daonna.

Ní comhdhúile nádúrtha iad Tríhalaimeatáin. Is fotháingí iad den phrúiseas díghalraithe, mar thoradh ar imoibriú idir an clóirín a chuirtear ann agus ábhar orgánach, a d'fhéadfadh a bheith san uisce go nádúrtha.

Rangaítear Clóraform (an Tríhalaimeatán is coitianta) mar charcanaigin féideartha daonna. Is iad na Tríhalaimeatáin eile ná Brómaform, Brómaidhéchlóraimeatán agus Débhrómaclóraimeatán.

Laghdaíodh an teora do na Tríhalaimeatáin lomlán ó 150µg/L go dtí 100µg/L ar an 25ú Nollaig 2008.

Tá achoimre ar thorthaí 2009 sa tábla thíos. Tá torthaí arda ann mar gheall ar anailís leanúnach ar líon áirithe soláthairtí uisce.

Tábla 10: Torthaí Tríhalaimeatán 2009

Torthaí Tríhalaimeatán (µg/L).					
Raon Tiúchana	≤ 10	11-50	51-100	101-150	>150
Líon Samplaí	124	221	270	132	152

3.6 Alúmanam

Úsáidtear salainn alúmanaim i bprúiseas flocasúcháin ag roinnt gléasraí cóireála uisce chun an méid ábhar collóideach nó foluaineach a laghdú. Faightear réidh leis an Alúmanam ina dhiaidh sin, ach d'fhéadfadh cuid a bheith fágtha san uisce ar deireadh.

Cé go bhfuil cuid den bhuntáiste a bhaineann leis an bprúiseas seo aeistéitiúil, laghdaítear an líon Úcít Cryptosporidium freisin dá bharr, agus an méid ábhar orgánach a d'fhéadfadh a bheith ann. Tíocfaidh íslíú ar na leibhéil Tríhalaimeatán i ndiaidh an chlóiríníúcháin de bharr íslíú a bheith ar an ábhar orgánach.

Is é an teora reatha do Alúmanam in Uisce le nÓl ná 200µg/L Al.

Tá achoimre ar thorthaí 2009 sa tábla thíos. Áiríonn an tábla seo roinnt torthaí samplaí uisce gan chóireáil nach raibh Alúmanam curtha leo.

Tábla 11: Torthaí Alúmanam 2009

Alúmanam i Soláthairtí Poiblí – Torthaí i µg/L				
Raon Tiúchana	≤ 20	21-200	201-1000	>1000
Líon Samplaí	2,052	2,383	188	11

3.7 Arsanaic

Rangaíonn an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse comhdhúile arsanacha Neamhorgánacha i nGrúpa I (carcanaigineach don duine).

D'fhéadfadh Arsanaic a theacht as gníomhaíocht thionsclaíoch ach d'fhéadfadh sé bheith ann go nádúrtha freisin mar thoradh ar thuaslagadh mianraí agus mianaigh. Sa gcás go dtagtar ar leibhéil atá ardaithe, is gnách gur i gceantair geografacha ar leith a bhíonn siad san áit a mbíonn na mianaigh agus mianraí seo. Is é an teora reatha d'Arsanaic in Uisce le nÓl ná 10µg/L As.

Tá achoimre ar thorthaí 2009 sa tábla thíos. Fuarthas na leibhéil ardaithe a taifeadh i soláthairtí príobháideacha.

Tábla 12: Torthaí Arsanaice 2009

Torthaí Arsanaice (µg/L As)				
Raon Tiúchana	≤ 10	11-50	51-100	>100
Líon Samplaí	1,251	21	5	2

3.8 Uisce Haema-Scagdhéalaithe

Bíonn córais um chóireáil uisce i bhfeidhm in aonaid Haema-Scagdhéalaithe chun uisce íonaithe a sholáthar le n-úsáid i meaisíní Scagdhéalaithe. Déanann an saotharlann anailís cheimiceach ar na samplaí seo. Tástáladh 388 sampla le linn na bliana.

3.9 Forbairtí Anailíseacha

D'éirigh leis an saotharlann stádas creidiúnaithe a bhaint amach le linn na bliana d'ocht gcomhdhúile VOC uilig. Cuireadh le raon na modhanna creidiúnaithe nuair a cuireadh aon cheann déag de mhiotail san áireamh, rud a dhéanann ICP/MS anois go rialta.

3.10 Samplaí Príobháideacha

Cuireann an saotharlann seirbhís ar fáil do dhaoine príobháideacha, ar éileamh, chun tobair thollta nua a thástáil nó iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna nó gearáin faoin gcaighdeán uisce. Tástáladh 795 sampla do dhaoine príobháideacha i 2009.

4. MONATÓIREACHT AR AERTHRUAILLIÚ

4.1 Reachtaíocht Eorpach

Sa reachtaíocht Eorpach um Mhonatóireacht Aerthruailliú tá an chreat-treoir 'Treoir Chomhairle 96/62/CE maidir le measúnú agus bainistiú chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh', mar aon le cheithre threoir "iníne" a dhéileáilann go neamhspleách leo seo a leanas:

- teora a chur le luachanna dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaíd nítrigine, go háirithe ábhar agus luaidhe san aer comhthimpeallach - 1999/30/CE
- teora a chur le luachanna beinséine agus aonocsaíd charbóin - 2000/69/CE
- spriocluachanna ózóin san aer comhthimpeallach - 2002/3/CE
- spriocluachanna d'arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha - 2004/107/EC

Ceadaíodh cinneadh freisin de chuid Chomhairle na hEorpa (97/101/CE) i 1997 a bhunaigh malairt dheilíneach eolais agus sonraí laistigh de na ballstáit.

In ionad na n-ionstraimí reachtúla seo, seachas treoir 2004/107/CE (a d'fhéadfaí a chomhcheangal sa todhchaí), tugadh isteach treoir amháin i 2008 -2008/50/CE maidir le caighdeán an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine san Eoraip (CAFÉ). Tá an staid reachtúil níos simplí agus níos soiléire dá bharr seo.



4.2 Reachtaíocht Náisiúnta

Deineadh Dlí de chuid na hÉireann den Chreat-treoir le “Rialacháin 1999 um Mheasúnú agus Bainistiú Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh”, I.R. Uimh. 33 de 1999.

Corpraíodh forálacha na chéad dá threoir “ínine” sna Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2002, I.R. Uimh. 271 de 2002.

Trasuíonn Rialacháin 2004 An Ózón in Aer Comhthimpeallach I.R. Uimh. 53 de 2004, an tríú treoir “ínine”.

Trasuítear an ceathrú treoir “ínine” i nDlí na hÉireann le I.R. Uimh. 58 de 2009.

Cuireadh ‘Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta’ fán Acht um Thruaillíú Aeir 1987 (I.R. Uimh. 244 de 1987) ar ceal ar an 31 Nollaig 2009.

Tá an tír roinnte ina ceithre chrios faoi I.R. 271 de 2002 ó thaobh monatóireacht agus bainistiú chaighdeán an aeir. Tá Cathair na Gaillimhe i gCrios C in éineacht le Cathair Luimnigh, Cathair Phort Láirge agus 18 baile agus ceantar uirbeach eile timpeall na tíre. Tá líon na stáisiún monatóireachta i ngach crios leagtha síos freisin.

4.3 Torthaí Saotharlainne

Tá dhá stáisiún monatóireachta á fheidhmiú ag an saotharlann seo ag dhá ionad sa gcathair, in aice le timpeallán Bodkin (in aice le siopa Currys) agus ag Oibreacha Uisce Thír Oileáin. Déantar an obair seo ar son Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is iad na paraiméadair a ndéantar monatóireacht orthu ná Dé-ocsaíd Sulfair, Deatach Dubh agus PM₁₀. Tuairiscítear sonraí a bhíonn taifeadta ag an saotharlann chuig an GCC agus foilsíonn siadsan é.

4.3.1 Dé-ocsaíd Sulfair

D’fhéadfadh Dé-Ocxaíd Sulfair (SO₂) a bheith san aer mar gheall ar an timpeallacht nádúrtha féin nó ó bheith ag dó breoslaí le sulfar iontú. D’fhéadfadh deacrachtaí riospráide agus dochar don éiceachóras a theacht as leibhéil arda SO₂. Is réamhtheachtaí mór é don bháisteach aigéadach. Sonraíonn na rialacháin monatóir amháin SO₂ i gcrios C.

Feidhmíonn an GCC aonad monatóireachta soghluaiste sa gcrios seo. Tá an saotharlann ag leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht SO₂ ag an dá stáisiún sa gcathair.

Tá torthaí 2009 á dtaispeáint in Aguisín 6.

Níor sáraíodh an teora laethúil 125 µg/m³ atá leagtha síos do chosaint an tsláinte phoiblí am ar bith le linn na bliana.

4.3.2 Deatach Dubh

Is é an bealach traidisiúnta a bhíodh ann le theacht ar an méid ábhar cáithnínach san aer ná líon an deatach dubh a thomhais. Téann treoirlínte reachtúla siar go 1980. Go reachtach, ó Eanáir 2005, ní gá an paraiméadar seo a thomhais ach tá an saotharlann fós ag leanúint orthu á thomhais ag an dá stáisiún monatóireachta. De bharr an méid sonraí atá bailithe le roinnt mhaith blianta feictear go bhfuil sé úsáideach leanúint ar aghaidh leis an tomhais seo mar go gcuideoidh sé ó thaobh staidéar na dtreochtaí fadtéarmacha.

4.3.3 PM₁₀

Is PM₁₀ an téarma a úsáidtear le cuntas a thabhairt ar ábhar cáithnínach le trastomhas 10µm nó níos lú. Tá an t-ábhar cáithnínach seo in ann dul isteach sa gcóras riospráide agus tagann neamhoird riospráide as. I measc na bhfoinsí PM₁₀ áirítear dó neamhiomlán breoslaí soladacha, go háirithe díosail agus dusta ó thrácht bóthair. Éilítear le I.R. 271 de 2002 go ndéantar monatóireacht ar PM₁₀ ag dhá ionad i gcrios C.

Tá an GCC i mbun aonad monatóireachta amháin agus tá an saotharlann seo i mbun ceann eile ag suíomh thimpeallán Bodkin.

Éilíonn na rialacháin nach sáraítear níos mó ná 35 uair sa mbliain an meánluach laethúil (24 uair) 50µg/m³ atá leagtha síos do PM₁₀. Is é an meánluach bliantúil ná 40µg/m³.

Sáraíodh an meánteora 24 uair an chloig faoi dhó le linn na bliana. Ba é an toradh ab airde ná 59µg/m³.

Ba é an meán toradh laethúil don bhliain ná 14µg/m³.

Tá torthaí na bliana á dtaispeáint in Aguisín 6.

5. CÓGAISÍOCHT AGUS TOCSAINEOLAÍOCHT

5.1 Saotharlann Cógaisíochta

Seirbhís do Bhord Leigheasra na hÉireann, (www.imb.ie). Is é feidhm Bhord Leigheasra na hÉireann (IMB) ná sláinte poiblí agus ainmhithe a chosaint agus a chothú trí chógais daonna agus tréidliachta, agus fearais chógaisíochta atá ar fáil le díol nó déanta in Éirinn a rialú, agus a bheith páirteach i gcórais atá deartha leis an rud céanna a dhéanamh ar fud an AE.

Tá seirbhís anailíseach curtha ar fáil ag an saotharlann seo ó 1976 do Bhord Leigheasra na hÉireann, an “Bord Náisiúnta Comhairliúchán Drugaí” roimhe seo, chun táirgí drugaí agus cógais a thástáil mar aon le comhairle agus tacaíocht theicniúil a bhaineann le tástáil cógas a sholáthar.

Chuipe seo, tá Rannóg Chógaisíochta Shaotharlann Anailísí Phoiblí Ghailimh, ceaptha mar **Saotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL)** faoi chreat na Treorach Eorpaigh um Chaighdeán Cógas agus Cúram Sláinte (EDQM) agus Chomhairle na hEorpa.

Ról mar Saotharlann Oifigiúil Rialú Cógas (OMCL)

Ag leibhéal **Náisiúnta**, cuidíonn an saotharlann le cosaint sláinte poiblí agus le feidhm rialaitheach Bhord Leigheasra na hÉireann trí shonraí anailíseacha neamhspleácha agus comhairle theicniúil faoi tháirgí cógaisíochta a sholáthar a thugann deis do Bhord Leigheasra na hÉireann cinntí eolasacha a dhéanamh faoi chaighdeán agus faoin stádas comhlíonadh cógas.

Ag leibhéal Eorpach, bíonn an saotharlann páirteach i ngníomhaíochtaí den Líonra OMCL (comhoibriú idir saotharlanna tástála cógas atá deartha le cumarsáid a fheabhsú, comhoibriú a chur chun cinn agus modhanna oibre a chomhchuihibhiú san AE agus i stáit eile). Áirithe sna gníomhaíochtaí seo tá tástáil ar Tháirgí Cógas Lárúdaraithe (CAP), tástáil ar Tháirgí Comhaitheanta/Díláraithe (MRP/DCPs), agus páirteachas i Staidéir do Thástáil Inniúlachta (PTS), (féach www.edqm.eu, Rannóg Rialú Cógas le breis eolais a fháil).



Sampláil agus Anailísíú

Fuarthas 97 sampla cógaisíochta i 2009.

Bord Leigheasra na hÉireann (Táirgí Críochnaithe)	75
Bord Leigheasra na hÉireann (Samplaí Forfheidhmiúcháin)	2
EDQM – Táirgí Lárúdaraithe	5
Tástálacha Inniúlachta (EDQM agus Pharmassure)	15

Déantar an tástáil ar na Cógais de réir monagraif an Pharmacopoeia Eorpach, Pharmacopoeia na Breataine, Pharmacopoeia Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó modhanna cuideachta. D’fhéadfaí go leor tástálacha éagsúla a dhéanamh ar gach sampla ag áireamh: Tástáil Nochta, Aonfhoirmeacht Maise, pH, Aitheantas agus Measúnacht le HPLC, Aitheantas agus Measúnacht le UV-Vis, Aonfhoirmeacht Ábhar, Tuaslagadh, Measúnacht le Titrimetry, Dearbhú Uisce le Karl Fischer, Cailteanas i ngeall ar Thriomú, Aitheantas le IR, Aitheantas le TLC, Sainrothlú Optúil, Pointe Leá, Sainmheáchan, Substaintí Gaolmhara le HPLC, srl.

Beidh sonraí faoi thorthaí anailíseacha i dTuarascáil Bhliantúil Bhord Leigheasra na hÉireann 2009 nuair a bheidh sé ar fáil (féach www.imb.ie)

Tá riaráiste samplaí le tástáil sa réimse seo de bharr an easpa leanúnach foirne. Leanfaidh Saotharlann an Anailísí Phoiblí ag obair go dlúth le Bord Leigheasra na hÉireann chun Clár Samplála agus Anailise na hÉireann a fhorbairt. Cé go bhfuil géarghá le pearsanra breise saotharlainne ní dóigh go bhfostófar aon duine sa ngearrthréimhse mar gheall ar staid reatha na heacnamaíochta agus an bac ar earcú foirne.

Córas Cáilíochta sna Saotharlanna Oifigiúla Rialú Cógas

Caithfidh OMCLanna oibriú le córas cáilíochta bunaithe ar ISO/IEC 17025 chun cáilíocht agus comparáideacht torthaí a chinntiú laistigh den Líonra. Le linn 2009, cuireadh cur chuige “Scóip Solúbtha” i bhfeidhm ar roinnt tástálacha sa saotharlann ar iarratas ón INAB (Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann). I Nollaig 2009, rinne an INAB iniúchadh rathúil ar an athrú chuig an scóip solúbtha.

Oibríonn an saotharlann freisin de réir treoirlínte atá eisithe ag an Líonra EDQM-OMCL agus atá glactha ag an EA (European Accreditation Cooperation) do raon topaicí lena n-áirítear:

- Bailíochtú Gnásanna Anailíseacha
- Breithmheas agus Tuairisciú Torthaí
- Caighdeán Fearas ag áireamh HPLC, GC, Speictreafótaiméadair IR agus UV-Infheicthe agus Toirtmheascóirí Uathoibríocha. (féach www.edqm.eu le tuilleadh eolais a fháil)

Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta

I 2009, ghlac an saotharlann páirt rathúil i Scéimeanna do Thástáil Inniúlachta de chuid EDQM agus i gcuid a bhí eagraithe ag Pharmasure agus clúdaíodh na réimsí seo a leanas: Measúnacht le HPLC, Measúnacht le UV, TLC, Tuaslagadh, pH, Díús, Pointe Leá agus Cailteanas i ngeall ar thriomú.

Tinreamh

D’fhreastail ball amháin foirne ar Chruinniú Bliantúil Líonra Eorpach EDQM na OMCLanna a bhí ar siúl i Vín i mBealtaine 2009 agus mhaoinigh Bord Leigheasra na hÉireann é seo. D’fhreastail ball amháin foirne ar fhóram na nÚsáideoirí USP a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i bhFeabhra 2009.

5.2 Saotharlann Tocsaineolaíochta

Soláthraítear seirbhís tocsaineolaíochta bunúsach, do Phaiteolaithe agus Lianna Comhairleacha FSS an Iarthair go príomha, ach freisin do Thréidlianna agus do bhaill den phobal.

Déantar anailís neamhspleách d’alcól ar shamplaí fola agus fuála “samplaí B” a thógtar faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Tástáladh 19 sampla acu seo i 2009, agus bhí 79% acu os cionn an teora dleathach.

Tástáladh 249 sampla uilig i 2009, mar atá léirithe thíos:

Eatánól (Scrúdú Iarbháis)	148
Eatánól (An tAcht um Thrácht ar Bhóithre)	19
Tástálacha Inniúlachta	60
Eatánól (samplaí Dochtúra)	15
Eatánól (Deochanna/Earraí Bia)	7

Córas Cáilíochta

Bíonn an saotharlann páirteach i Scéim Seachtrach Measúnú Cáilíochta (UKNEQAS) a bhíonn eagraithe ag Cardiff Bioanalytical Services Ltd. Faightear samplaí fola, séirim agus fuála isteach go míosúil le haghaidh anailís eatánóil.



6. COSMAIDÍ

6.1 Réamhrá

Meastar gur luach €65 billiún é luach an mhargaidh miondíola cosmaidí san AE (sonraí EUROSTAT do 2004). Is táirgí tomhaltóra iad cosmaidí a mbaintear go leor úsáide astu agus ní mór iad a rialú lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus freisin le trádáil a éascú. Toisc nach n-itear cosmaidí go ginearálta níl an méid céanna riosca ann don tsláinte (vs. m.sh. rioscaí bia). Mar sin féin bíonn truailliú ceimiceach, micribhitheolaíochta nó fisiceach i gcosmaidí anois agus arís. In éineacht leis na gnáth ghuaiseanna a d'fhéadfadh a bheith iontu tuairiscítear go bhfuil cosmaidí i measc na bpríomhghníomhairí is cúis le Deirmítíteas Teagmhála. Rud eile, taobh amuigh ar fad d'aon chomhlíonadh reachtach ná d'aon riosca don úsáideoir ginearálta, tuairiscítear sna Stáit Aontaithe (Tuarascáil Bhliantúil 2008 Chumann Meiriceánach na nIonad Rialaithe Nimhiú... (NPDS)) gur mó gasúir a fhaigheann nimh ó chosmaidí ná ó aon rud eile, agus gurb é an naoú cúis is mó nimhiú i ndaoine fásta é.

6.2 Reachtaíocht Cosmaidí agus córais rialúcháin AE

Tá Treoir Comhairle an AE 76/768/EEC (agus a leasaithe) a rialaíonn margaíocht agus sábháilteacht cosmaidí san AE 'athmhúnaithe' san Rialachán nua (Uimh. CE 1223/2009) agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ón 11 Iúil 2013. Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) I.R. Uimh. 870/2004, éifeacht don Reachtaíocht AE. Tá caighdeáin leagtha síos sa Treoir & sna Rialacháin a gcaithfidh an Tionscal Cosmaidí cloí leo, agus leagtha síos iontu freisin tá meicníochtaí forfheidhmithe agus pionóis.

Tugtar liosta i Sceideal 2 den I.R. de 1,132 comhdhúile agus grúpaí comhdhúile a bhfuil cosc orthu. Leagan Sceidil 3 go 7 síos srianta ar úsáid raon comhábhar atá ceadaithe.

Tá an A.E anois ag iarraidh go n-ullmhóidh agus go seolfaidh ballstáit isteach Cláir Náisiúnta Faireachas Cosmaidí.

Tá acmhainn saineolach ag an AE, an Coiste Eolaíoch ar Tháirgí Tomhaltóra (SCCP), a bhfuil sraith Tuairimí Eolaíochta faoi chúrsaí Sábháilteachta Cosmaidí eisithe acu, m.sh. Tuairim le deireanas ar Cháithníní Nano.

Bíonn idirghníomhaíocht idir na hoifigigh um rialú cosmaidí trí PEMSAC, an Chomhghuaillíocht d'Údaráis Faireachais Mhargadh na hEorpa i leith Cosmaidí. Tá an Roinn Sláinte & Leanáí, Bord Leigheasra na hÉireann agus an FSS páirteach i PEMSAC anois.

Laistigh de Stiúrthóireacht Eorpach na gCaighdeán Cógas & Cúram Sláinte (EDQM), comhordaíonn an Roinn um Chaighdeánú Bitheolaíoch, Líonra OMCL agus Cúram Sláinte (DBO), obair an Choiste agus cinntíonn freagracht Rúnaíochta i leith cosmaidí ón 1 Eanáir 2009.

Le deanaí bhí cruinniú (Meitheamh 2010), ar a fhreastal saotharlanna oifigiúla Eorpacha a bhíonn páirteach in anailís cosmaidí, ar mhaithe le líonra de shaotharlanna oifigiúla a bhunú chun cur le comhchuíbhíú agus comhoibriú idir na saotharlanna éagsúla rialúcháin.

Is é RAPEX an córas mear-rabhaidh AE a thugann fógra faoi ghuaiseanna/rioscaí a bhaineann le cosmaidí agus táirgí eile tomhaltóra (bréagáin, gléasanna leictreacha, feithiclí, srl.)

http://ec.europa.eu/consumers/safety/rapex/docs/rapex_a_nnuualreport2008_en.pdf

Is í an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) www.consumerconnect.ie atá i mbun RAPEX in Éirinn.

I measc na nguaiseanna cosmaidí is coitianta a haithníodh i RAPEX le deireanas bhí- Hidreacuineon in uachtair, Dibutyl Phthalate i vearnais ingne, Luaidhe i smideadh páistí, Diethylene glycol i dtaos Fiacla, N-nitrosodiethanolamine i seampúnna & gallúnach srl. agus truailliú ginearálta micribhitheolaíoch.

Ar an iomlán, níl rialú cosmaidí comhordaithe chomh mór céanna san AE agus atá rialú bia mar shampla. Níleamar feasach ar iniúchtaí (iniúchtaí AE FVO) mar shampla ná tuairisceáin bhliantúla ghníomhaíochtaí rialúcháin oifigiúla na mballstát.

6.3 Rialú agus Forfheidhmiú Oifigiúil ar Reachtaíocht na gCosmaidí in Éirinn.

6.3.1 Rialú Náisiúnta

Tá dul chun cinn mór déanta le trí bliana anuas le rialú táirgí cosmaidí a fhorbairt agus a threisiú in Éirinn. I measc roinnt de na forbairtí sin tá:

- An **Coiste Stiúrtha um Shábháilteacht Cosmaidí** atá bunaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanáí le

ballraíocht air ón Roinn, ón FSS (OSC agus Saotharlanna), Bord Leigheasra na hÉireann agus An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

• An **Grúpa um Rialú Cosmaidí an FSS** a dhéanann comhordú náisiúnta ar ghníomhaíochtaí réigiúnacha agus áitiúla (Iniúchtaí, Freagraí agus tionscnaimh RAPEX, sampláil buan-nósanna oibre (SOPs)) obair fhorfheidhmiúcháin na nOifigeach Sláinte Chomhshaoil i leith cosmaidí. Comhordaíonn Saotharlanna Anailísithe Poiblí Chorcaí agus Ghailimh a ghníomhaíochtaí tástála go náisiúnta i gcomhar le húsáideoirí seirbhíse.

• An **Grúpa Stiúrtha FSS** atá bunaithe chun cásanna riosca don tsláinte a eascraíonn as guaiseanna/truailliú áirithe i gcosmaidí a scrúdú.

• Tá grúpa oibre um chaighdeán cosmaidí curtha le chéile ag Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

• Táthar ag súil go mbeidh an próiseas d'athrú feidhm an Údaráis Inniúlachta ón Aire Sláinte agus Leanaí go dtí Bord Leigheasra na hÉireann á chríochnú ag deireadh 2010.

Bíonn baint, i mbealach beag nó mór (cumarsáid dhíreach, ceardlanna srl.) ag an Roinn (RS&L), Bord Leigheasra na hÉireann, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an FSS le bheith ag tabhairt treoir shoiléir do Thionscal na gcosmaidí maidir lena bhfreagracht ghinearálta faoin reachtaíocht, sé sin gan ach táirgí cosmaidí atá sábháilte agus a chloíonn leis an reachtaíocht a chur ar an margadh. Tá bunachar sonraí á chur le chéile faoin tionscal cosmaidí in Éirinn chun an próiseas cumarsáide a éascú agus cuidiú le rianadh. Mar atá amhlaidh sa rialú oifigiúil bia agus cógas, ba chóir an príomhbhéim sa rialú oifigiúil cosmaidí a chur ar chinntiú go mbíonn córais láidre éifeachtacha sábháilteachta/rialúcháin leagtha síos sa tionscal.

Tá méadú fíormhór tagtha ar fhaireachas oifigiúil cosmaidí. Tá idirghníomhaíocht ann faoi láthair idir an FSS agus Bord Leigheasra na hÉireann maidir le gníomhaíochtaí amach anseo i rialú cosmaidí in Éirinn. Faoi mar atá éigeantach sa reachtaíocht AE seolann Éirinn clár bliantúil um fhaireachas an mhargaidh chuig an AE tríd an RS&L.



6.4 Torthaí 2009

Tá achoimre i dTábla 13 ar an tástáil cosmaidí a deineadh sa saotharlann seo i 2009.

Tábla 13 Achoimre ar Thorthaí Tástála Cosmaidí 2009

Paraiméadar	Cineálacha Cosmaidí	Samplaí Tástáilte	Comhlíonadh	Neamh-Chomhlíonadh
Luaidhe	Smideadh	946*	920	26
Caidmiam	Smideadh	946*	943	3
Glicól dé-éitiléin	Slaod Fiacla	32	29	3
p-Feiniléin-dé-aimín	Dath Gruaige, pacáiste dath fabhraí	30	30	0
Sárocsaíd Hidrígine	Dath Gruaige srl.	22	22	0
Hidreacuineon	Uachtar, Gallúnach	28	23	5
Mearcair	Uachtar, Gallúnach	22	21	1
Lipéadú Ginearálta	Taos Fiacla, Dath Gruaige, Pacáiste dath fabhraí, Uachtair.	76	30	46
Formaildéad	Táirge cóireála gruaige	1	0	1

* tástáladh 226 sampla le 946 comhpháirt le haghaidh Luaidhe & Caidmiam

6.4.1 Miotail Throma

I 2009 tástáladh 226 sampla (béaldathanna, snasanna béil, luisnigh agus pacáistí smididh) anseo do Luaidhe (Pb) agus Caidmiam (Cd). Bhí sraitheanna ilchompháirteacha de chineálacha éagsúla cosmaidí agus dathanna i bhformhór na samplaí (m.sh. púdair agus béaldathanna). Tástáladh 946 comhpháirt (foshamplaí) san iomlán. Tá achoimre na dtorthaí i dTábla 14.

Tábla 14a: Torthaí Luaidhe do Chosmaidí 2009

Luaidhe (Pb)	
Raon Torthaí(mg/kg)	Líon FoShamplaí
<1.0	609
1.0 - 5.0	254
5.1 - 10.0	41
10.1 - 20.0	11
20.1 - 100	13
101 - 1,000	6
1,001 - 5,000	7
>5,000	5*
TOTAL	946

* Leibhéil: 5,465; 6,451; 7,611; 7,973; 10,385mg/kg.

Tábla 14b: Torthaí Caidmiam do Chosmaidí 2009

Caidmiam (Cd)	
Raon Torthaí(mg/kg)	Líon FoShamplaí
<0.10	900
0.10 - 1.0	38
1.1 - 5.0	5
5.1 - 10.0	2
10.1 - 100	0
>100	1**
TOTAL	946

** Leibhéil: 2,217mg/kg

Níl aon teora ar leith leagtha síos do Mhiotail Throma sa Treoir Cosmaidí ná sna Rialacháin. Tá cosc áfach ar Luaidhe agus a chomhdhúile i gcosmaidí (Rialacháin na gCosmaidí – I.R. Uimh. 870/2004, larscríbhinn 2, iontráil 289), mura rian atá iontu atá “dosheachanta go teicniúil i gcomhthéacs dea-chleachtas déantúsaíochta” (8.(2)), agus nach bhfuil “baol dochair do shláinte an duine ann” (7.(1)). Glacadh teora Luaidhe (Pb) 20mg/kg (forbairt déanta ar dtús ar an teora ag BfR/An Ghearmáin) mar thomhais eatramhach do chríocha oifigiúla rialúcháin laistigh den FSS.

Bhí 31 comhpháirt os cionn an leibhéil Luaidhe 20mg/kg i 2009.

Ní raibh ach 3 fhoshampla os cionn an leibhéil Caidmiam 5mg/kg, an teora atá leagtha síos ag an nGearmáin/BfR.

Léiríonn na sonraí ó Tháblaí 14a agus 14b go raibh leibhéil Luaidhe níos lú ná 5mg/kg i bhformhór na samplaí comhpháirteanna a tástáladh (sin 91%). Taispeánann na torthaí gur féidir le, agus gur iondúil le, déantóirí cosmaidí leibhéil luaidhe níos lú ná 5mg/kg, a bhaint amach agus go bhféadfaí breathnú ar 5mg/kg mar uasteora cuí do Luaidhe i gcosmaidí (bunaithe ar “dhea-chleachtas déantúsaíochta”). Ar an dóigh chéanna, bíonn níos lú ná 1mg/kg Caidmiam i bhformhór (sé sin 99%) na gcomhpháirteanna.

Táthar ag súil go bhféadfaidh an Coimisiún AE na sonraí thuas a úsáid le hathbheithniú a dhéanamh ar uasteora Luaidhe agus Caidmiam i gcosmaidí. Bheadh sé tairbheach teorainneacha reachtaíochta a bheith ann ar fud na hEorpa.

Nuair a bhí bailíochtú á dhéanamh ar ghléas nua fluaraiseacht x-ghathach a cheannaigh an saotharlann seo i 2009 fuarthas amach go raibh an iomarca Caidmiam (1.2%) i gcomhpháirt béaldatha oráiste de shampla cosmaide leanaí (bhí rabhadh RAPEX ann i 2008 faoi chomhpháirt eile de mar gheall ar an iomarca luaidhe a bheith ann). Tá iniúchadh ag dul ar aghaidh fós faoi seo.

Braitheadh mearcair i gceann de na 22 sampla a tástáladh (uachtar éadain ina raibh 1,687mg/kg mearcair, Féach 6.4.2 thíos).

6.4.2 Hidreacuineon in uachtair srl.

Tá cáil ar tháirgí Hidreacuineon ar mhargaí na hÁise agus na hAfraice mar gheall ar a n-airíonna d'éadromú craicinn, agus iad ar fáil go minic i dtáirgí cosmaideacha a dhíoltar i siopaí “Eitneacha”. Úsáidtear iad seo ar an taobh amuigh, sé sin, ar an gcráiceann de ghnáth (m.sh. uachtair, olaí, lóiseanna) le píosaí den chraiceann a bhíonn níos dorcha agus rudaí ar nós breicní agus chloasma (ar a dtugtar melasma freisin), spotaí aoise agus acne a éadromú.

Faoi reachtaíocht AE, ní cheadaítear hidreacuineon ach

mar (a) gníomhaire ocsaídiúcháin dathú gruaige d'úsáid ghairmiúil amháin ag uasleibhéal de 0.3% agus (b) d'úsáid ghairmiúil i gcórais ingne bréige, suas go 0.02%. Tá cosc ar Hidreacuineon (ag gach leibhéal) mar ghníomhaí d'éadromú craicinn.

I 2009 deineadh tástáil hidreacuineon ar fiche a hocht sampla a bhailigh OSCanna. Bhí hidreacuineon i cúig cinn de na samplaí seo (18%), suas go huasmhéid tíúchana 4%. Taispeánann na figiúirí an laghdú atá tagtha ó 2008 ar líon na samplaí agus na samplaí um neamh-chomhlíonadh, tráth ar tástáladh 49 sampla agus go raibh 23 (47%) sampla um neamh-chomhlíonadh ann, rud a léiríonn go bhfuil tionchar ag forfheidhmiúchán sa réimse seo. Tá breis faireachais leagtha síos do 2010.

In Aibreán 2010, de bharr anailís ar chosmaidí ina raibh Hidreacuineon agus mearcair iontu, d'éirigh leis an gcúis a thug FSS (OSC Bhaile Bhlaínseir) in aghaidh úinéir siopa Eitneach i mBaile Átha Cliath mar gheall ar a bheith ag soláthar na dtáirgí seo.

6.4.3 para-Feiniléindé-aimín i nDathanna Gruaige

Deineadh suirbhé neamhchláraithe anseo ar 30 sampla dath gruaige agus pacáistí dath fabhraí agus malaí a glacadh i Limistéar Thiar thuaidh an FSS (SSC Cho. Dhún na nGall) le haghaidh para-feiniléindé-aimín, dath gruaige atá ceadaithe le huasteora de 6%. Bhí formhór thorthaí na samplaí <2% para-feiniléindé-aimín agus ní raibh ach 2 shampla níos airde le 2.1% agus 17.1%, fá seach. Measadh an toradh bheith ag cloí leis an reachtaíocht mar go raibh na táirgí le tanúchán sula n-úsáidí iad (rud a thabharfadh na tíúchain faoi 6%).

Tá teora nua 2% para-feiniléindé-aimín i bhfeidhm ón 15ú Iúil 2010 (Treoir 2009/130/CE).

6.4.4 Gliocól Dé-eitiléin i dTaos Fiacla

Tástáladh 32 sampla do ghliocól dé-eitiléin (DEG) i 2009. Tógadh na samplaí go luath i 2009 mar chuid de spriocsuirbhé áitiúil (SSC Cho. na Gaillimhe) le béim ar thaos fiacla ar phraghas íseal. Ní raibh ach táirge amháin (3 shampla) as na 32 sampla a tástáladh a raibh leibhéal DEG iontu nach raibh ag cloí leis an teora. Sna 3 shampla seo, bhí leibhéal (4.0, 4.3 & 4.8%) a bhí os cionn daichead uair an teora dleathach 0.1% (Rialachán na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) (Leasú)

2009 le héifeacht ó I.R. Uimh. 191 de 2009). (féach cuid 6.4.8 freisin).



6.4.5 Sárocsaíd Hidrigine

Tástáladh 22 sampla as suirbhé neamhchláraithe dathanna gruaige(8), pacáistí dath fabhraí & malláí (8) tuaslagáin cataíola (2), tuaracháin uachtair (3) agus stiallacha gealú fiacla (1) le haghaidh sárocsaíd hidrigine, atá ceadaithe a úsáid do chúram gruaige agus ullmhóidí cúram craicinn agus táirgí sláintíochta béil ag na leibhéil 12%, 4% & 0.1%, fá seach. Chloí na samplaí uilig leis an reachtaíocht (I.R. Uimh. 870/2004 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha), 2004).

6.4.6 Lipéadú Cosmaidí

Scrúdaíodh 74 sampla i 2009 féachaint an raibh siad ag cloí leis na riachtanais lipéadaithe sna Rialachán Cosmaidí (I.R. Uimh. 870 de 2004). Ní raibh 44 sampla ag cloí leis na riachtanais, bhaineadar seo le roinnt de na riachtanais lipéadaithe seo a leanas nó leo uilig a bheith fágtha ar lár: seoladh an déantóra, coinníollacha úsáide & rabhaidh, siombail stórála, dátaí íosmharthanachta agus baiscuimhreacha.

6.4.7 Tástáil eile ar Chosmaidí

De bharr gearán tomhaltóra, fuarthas sampla de ghníomhaí cóireála gruaige isteach ag deireadh 2009 le hanailís a dhéanamh air. Fuarthas amach leis an anailísiú go raibh an iomarca **formaildéid** (2% vs. teora dleathach 0.2%) sa sampla, dá bhrí sin tarraingíodh siar an táirge agus eisíodh Rabhadh RAPEX AE i 2010. Tá tuilleadh iniúchtaí faoin gcás seo ag dul ar aghaidh ag an tráth seo, (Iúil 2010) lena n-áirítear tástáil.

6.4.8 Achoimre ar Thuairiscí um Ghuais/Éilliú Cosmaidí a heisíodh i 2009

